# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2022

ARD-MHÚSAEM NA HÉIREANN

**<u>CLÁR ÁBHAR</u>**

Brollach leis an gCathaoirleach, Bord Ard-Mhúsaem na hÉireann
Réamhrá le Stiúrthóir Ard-Mhúsaem na hÉireann

**Bailiúcháin agus Foghlaim**
Ealaín agus Tionsclaíocht
Seaniarsmaí na hÉireann
Saol na Tuaithe
Stair an Dúlra
Caomhnú
Clárú
Oideachas agus Foghlaim
Dearadh & Grianghrafadóireacht

**Oibríochtaí**
Airgeadas
Acmhainní Daonna
Gnóthaí Corparáideacha
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
Margaíocht agus Cumarsáid
Forbairt Tráchtála agus Miondíol
Áiseanna (Cóiríocht agus Slándáil)

Ráitis Airgeadais
Foilseacháin le Foireann an Mhúsaeim
Bord Ard-Mhúsaem na hÉireann
Eolaire Foirne

## Brollach leis an gCathaoirleach, Bord Ard-Mhúsaem na hÉireann

Níorbh fhéidir an filleadh ar an ngnáthshaol, tar éis bhristeacha na paindéime, a bheith níos deacra a thuar. Bhí boilsciú, slándáil fuinnimh agus dúshlán níos áitiúla maidir le tallann a earcú agus a choinneáil baileach chomh deacair céanna a láimhseáil in earnáil an mhúsaeim agus a bhí siad ar fud an gheilleagair trí chéile.

Ach in ainneoin na nithe sin a chuir isteach orainn, bhí nithe ann ar thuar dóchas iad. Chuir géarchéim an fhuinnimh de dhualgas ar Ard-Mhúsaem na hÉireann dianmhachnamh a dhéanamh ar a lorg carbóin: chuireamar ceisteanna orainn féin faoi na rudaí nár mhór dúinn a athrú chun ár spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú chun ár bhfoirgnimh a théamh agus a lasadh, agus chun cabhrú lenár mbailiúcháin a chaomhnú. Anois tuigtear dúinn cé chomh mór is atá na hathruithe is gá a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar ár spriocanna carbóin le haghaidh 2030. Is mór an dúshlán é, ach le haghaidh institiúide náisiúnta a bhfuil ról aige a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le gníomhú ar son na haeráide agus laghdú carbóin, cuirimid romhainn beart a dhéanamh de réir briathair.

Taobh amuigh de ghéarchéim an fhuinnimh, in 2022 chuir Ard-Mhúsaem na hÉireann tús le hobair ar ár bplean straitéiseach nua cúig bliana. Ó 2018 i leith, tá an Músaem tar éis díriú ar an eagraíocht a athrú agus ar acmhainn a fhorbairt chun oibriú ar bhealach níos éifeachtaí. Tá aistear curtha dínn againn agus táimid ag bogadh go dtí straitéis fhadbhreathnaitheach anois ina n-ardóidh muid ár bhfreagrachtaí agus ár dtiomantas i réimsí an taighde, gníomhú ar son na haeráide agus rannpháirteachas leis an bpobal. Leanadh ar aghaidh leis an obair chun an straitéis nua seo a thabhairt chun críche isteach i R1 agus R2 den bhliain 2023.

Teastaíonn bord láidir freisin chun straitéis éifeachtach a fhorbairt. Tháinig ceathrar comhghleacaithe nua isteach linn in 2022, ag tabhairt leo taithí agus ceannaireacht i dtaobh cúrsaí rialachais, cúrsaí pobail agus cúrsaí inbhuanaitheachta. Idir an dá linn, i ndiaidh sé bliana de sheirbhís phoiblí in Ard-Mhúsaem na hÉireann, chuaigh ár gcomhghleacaí Declan Nelson ar scor agus bhíothas an-bhuíoch go speisialta as a chuid oibre ar rialachas agus maoirseacht.


Agus Ard-Mhúsaem na hÉireann ag cur lena uaillmhian agus a raon, is cosúil gur lú a bhaineann an tAcht um Fhorais Chultúrtha Náisiúnta, 1997 le hábhar. Trí fhochoiste den bhord agus ionchur feidhmiúcháin, rinneamar athbhreithniú ar an gcaoi a bhfeidhmíonn ár reachtaíocht chumasúcháin agus cad is gá a athrú. Faoi thús 2023, chuireamar ár gcuid smaointe agus moltaí faoi bhráid na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán maidir le creat reachtaíochta níos iomchuí don todhchaí.

Faoi dheireadh 2022, leag Leas-Stiúrthóir an Ard-Mhúsaeim agus Ceann na mBailiúchán a fógra scoir isteach, ag meabhrú don Bhord cé chomh leochaileach is atá ár n-acmhainn táirgthe. Agus faomhadh a fháil dá dara téarma cúig bliana mar Stiúrthóir, ghlac Lynn Scarff fuílleach an ualaigh oibre uirthi féin agus lean sí uirthi ag dul níos faide ná a dualgas chun an músaem a fhás agus a fhorbairt. Mheabhraigh sé dúinn nach féidir talamh slán a dhéanamh den lucht saothair, go háirithe nuair is gearrthéarmach iad na róil cheannaireachta. Ar bhonn níos ginearálta, chuaigh an Músaem i ngleic le róil a líonadh ar fud na heagraíochta.

D’fháiltigh an Músaem roimh chinneadh an Rialtais ár gceannaireacht agus ár saineolas a chur san áireamh maidir le lárionad cuimhneacháin a fhorbairt ar shuíomh Thithe Níocháin Magdalene ar Shráid Sheáin Mhic Dhiarmada, Lár Chathair Bhaile Átha Cliath. Chuireamar fáilte freisin roimh an

aird bhreise a thug ár gcomhghleacaithe sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ar ár riachtanais infheistíochta caipitil.  Tá comhoibriú den sórt sin le comhpháirtithe ar fud na hearnála reachtúla tábhachtach chun tionchar Ard-Mhúsaem na hÉireann a mhéadú chomh mór agus is féidir.

Agus, toisc gurb í seo mo thuarascáil bhliantúil iomlán deiridh le maoirsiú mar chathaoirleach ar Ard-Mhúsaem na hÉireann, táim thar a bheith buíoch de mo chomhghleacaithe boird – san am a chuaigh thart agus san am i láthair – as a dtacaíocht agus a gcuid dianoibre; den fheidhmeannacht agus d’fhoireann iomlán Ard-Mhúsaem na hÉireann; den Aire agus de chomhghleacaithe sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le haghaidh caidreamh oscailte, macánta agus muiníneach; agus de gach duine a bhíonn ag plé leis an músaem. D’uireasa daoine, níl faic ann.



Catherine Heaney
Cathaoirleach

**Réamhrá le Stiúrthóir Ard-Mhúsaem na hÉireann**

Is iomaí éacht eile atá le ceiliúradh agus dúshlán ónar bhfoghlaimíomar agus a leagtar amach sa tuarascáil seo. Cuireann an fhoireann dhochreidte in Ard-Mhúsaem na hÉireann atá comhdhéanta de na baill foirne agus den Bhord an obair seo ar fad i gcrích. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as a dtiomantas agus a n-uaillmhian sheasmhach chun tionchar ár músaem a mhéadú le go mbeidh sé níos oiriúnaí do gach úsáideoir, níos ionchuimsithí agus níos ábhartha bliain i ndiaidh bliana.

Agus athbhreithniú á dhéanamh ar an tuarascáil bhliantúil le haghaidh 2022, is léir gurbh í bliain an tseachadta í. D'éirigh go han-mhaith le tionscadail a bhí ar athlá, a bhí á n-ullmhú nó ar cuireadh stop leo de bharr phaindéim COVID, agus baineadh na leibhéil ghnó chéanna amach athuair nó bhí feabhas ar a leibhéil 2019. Cé go raibh ardchaighdeán ag baint lenár seachadadh, bhí na coinníollacha ina ndearnamar ár gcuid oibre casta de bharr géarchéim fuinnimh, ganntanas earcaíochta agus méadú ar chostais bhoilscithe. Ach in ainneoin na gcúinsí seo, rinne Ard-Mhúsaem na hÉireann an-dul chun cinn maidir le tionscadail straitéiseacha caipitil agus oibríochtúla in 2022 le tacaíocht ó fhoireann thiomanta agus díograiseach a léirigh teacht aniar solúbthacht ó thús go deireadh.

Agus foireann tionscadail nua á hearcú, chuaigh forbairt ar Éire ag Athrú: Scéalta ó Bhailiúchán 1900 go 2023 faoi bhláth. Agus é ar na bacáin go n-osclófar é i bhfómhar 2024, úsáidfidh an tsraith nua de ghailearaithe seo in Ard-Mhúsaem na hÉireann – Na hEalaíona Maisiúla agus Stair i nDún Uí Choileáin bailiúcháin shaibhre stairiúla Ard-Mhúsaem na hÉireann chun scrúdú a dhéanamh ar na 123 bliain deireanacha de stair na hÉireann ó thaobh cúrsaí sóisialta, cultúrtha agus polaitíochta de. Agus go leor ceannachán nua agus ábhair chomhaimseartha ar fáil ann, tabharfaidh sé taithí saoil agus scéalta ón saol mar a bhí chun tosaigh nár tugadh dóthain suntais dóibh san am a chuaigh thart agus an tréimhse seo dár stair á hinsint.

I ndiaidh aistriú suntasach na mbailiúchán chun ardán nua a thógáil faoi dhíon fhoirgneamh Stair an Dúlra a chruthú, bhí ríméad orainn a bheith in ann bunurlár den 'Zú Marbh' ('Dead Zoo') a athoscailt i mí Lúnasa 2022. Taobh istigh de roinnt míonna, chuireamar fáilte roimh xx cuairteoir ar ais chuig an spás. Táimid ag tnúth leis an athfhorbairt agus leis an athchóiriú atá le teacht ar an músaem a thabhairt chun críche sna blianta amach romhainn. Leanann obair chun an tionscadal caipitil tábhachtach seo a chur chun cinn i rith 2022, agus táthar ag súil le cead a fháil maidir le dul ar aghaidh go dtí céim an deartha d'athfhorbairt Mhúsaem Stair an Dúlra in 2023.

Le linn 2023, d'oibríomar ar fhorbairt ár bPlean Straitéisigh nua. Agus muid ag tosú ó pheirspictíocht dhomhanda níos leithne agus muid ag scrúdú cuid de na príomhdheiseanna agus príomhdhúshláin atá ag teacht chun cinn le linn na ndeich mbliana seo, d'fhiafraíomar conas a d'fhéadfadh Ard-Mhúsaem na hÉireann a bheith níos ábhartha do chuairteoirí, do pháirtithe leasmhara agus do chomhpháirtithe sna cúig bliana amach romhainn. Trí scrúdú á dhéanamh ar ár gcuid oibre ar fud ár rannóg uile, d'fhorbraíomar coincheap lionsaí (Pobal, Pláinéad agus Eolas Comhroinnte) trína bhféadfaimis féachaint ar ár n-oibríochtaí agus chuige sin chun músaem níos oiriúnaí do gach úsáideoir, músaem níos gníomhaí, músaem

níos inbhuanaithe agus músaem níos oscailte a chur chun cinn. Tabharfar an Straitéis chun críche agus seolfar í in 2023.

Mar is iondúil, bhain ár bhfoireann cothromaíocht amach maidir lenár ról reachtúil agus oibriúcháin a sheachadadh ó lá go lá chomh maith lenár bpríomhthionscadail straitéiseacha a bhogadh ar aghaidh. Ó phróiseáil breis is 1613 iarratas ar cheadúnas in 2022 go bailiúcháin nua a fháil agus seachadadh lear scoileanna agus clár poiblí ar fud ár láithreán, lean Ard-Mhúsaem na hÉireann le plé a dhéanamh leis an bpobal trí chéile ar bhealaí éagsúla. Tá an ceangal fíor agus seanbhunaithe seo leis an bpobal agus tiomantas dár n-oidhreacht chultúrtha agus dár ndualgas i dtaobh seirbhís phoiblí lárnach d’Ard-Mhúsaem na hÉireann agus léiríonn an caidreamh atá ag ár bhfoireann lenár gcuairteoirí, leis an bpobal a thagann chuig an Músaem agus leis an bpobal trí chéile an méid sin go paiteanta. Is caidreamh fíorluachmhar é as a n-eascraíonn comhroinnt eolais agus tuiscint níos doimhne ar ról an Mhúsaeim maidir lenár mbailiúchán náisiúnta a chosaint agus a chur ar fáil níos forleithne agus tá sé fíorlárnach maidir le cé muid féin mar eagraíocht.

Sa bhliain dheireanach dár bplean straitéiseach Forbairt Acmhainne, Athrú a Bhrú ar Aghaidh, leanamar le líon na mball foirne agus acmhainní buiséid a threisiú, ach tá obair le déanamh againn fós chun an lucht oibre atá de dhíth orainn a chinntiú chun ár n-uaillmhian a bhaint amach. Beidh sé seo ina thiomantas agus ina fhócas lárnach agus muid ag aistriú isteach inár straitéis nua cúig bliana. Chailleamar daoine fíorthábhachtacha freisin agus iad ag tarraingt róil nua orthu féin nó ag dul ar scor in 2022. Agus ár gCathaoirleach ag ullmhú dá téarma a chur i gcrích in 2023, is meabhrú é go bhfuil daoine tiomanta, cumasacha lárnach dár gcuid oibre agus go bhfuil sé ríthábhachtach go ndéanfaimid pleanáil comharbais láidir chun leanúnachas a chinntiú d’Ard-Mhúsaem na hÉireann amach anseo.

Is deacair ar uairibh éagsúlacht na hoibre laistigh dár n-institiúid a chur in iúl agus tugann an tuarascáil bhliantúil seo léargas éigin ar an leibhéal cúraim agus bainistíochta bailiúcháin, rannpháirtíochta, léirmhínithe agus taighde atá i gceist laistigh dár músaeim. Is iontach an phribhléid é a bheith ag obair le foireann agus Bord fíorthiomanta atá lárnach maidir lenar bhaineamar amach in 2022.



Lynn Scarff

Stiúrthóir

## EALAÍN AGUS TIONSCLAÍOCHT

Tá an Rannán Ealaíne agus Tionsclaíochta freagrach as tuairim is 530,000 déantán a thugann léiriú ar stair eacnamaíoch, chultúrtha, shóisialta, thionsclaíoch, pholaitiúil agus mhíleata na hÉireann le ceithre chéad bliain anuas. Déanann foireann an rannáin cúram freisin de bhailiúcháin ealaíne maisiúla de chuid na hÉireann, na hEorpa agus na hÁise.

**Cúrsaí Foirne**

Ba bhliain ghnóthach í 2022 maidir le cúrsaí foirne sa rannán. Mar chuid den phleanáil do Ghailearaithe Stair na hÉireann san 20ú hAois, ceapadh triúr taighdeoirí coimeádaíochta i mí Aibreáin trí Hays Recruiting, an Dr. Siobhán Doyle, Orlaith Styles agus Elaine Manley. I mí Dheireadh Fómhair ceapadh an Dr. Doyle ina coimeádaí criadóireachta agus gloine ar chonradh dhá bhliain, agus líon Muiris Wade an folúntas a bhí ann do thaighdeoir coimeádaíochta. I mí na Nollag reáchtáladh agallaimh don phost mar thaighdeoir coimeádaíochta digití mar chuid den tionscadal taispeántais chun obair go sonrach ar bhailiúcháin ar líne, agus cuirfear tús leis an obair i mí Eanáir 2023. Rachaidh an té a cheapfar i mbun a c(h)uid oibre go luath in 2023.

**Taispeántais**

Sheol an tOllamh Luke Gibbons *Ag Íomháú Coimhlinte; grianghraif ó ré réabhlóideach na hÉireann 1913-123* i mí Dheireadh Fómhair. Tá an taispeántas, atá ina chomhshaothar le Músaem Grianghraif na hÉireann, mar chuid d'ionchur leanúnach an Mhúsaeim i dtaca le Deich mBliana na nÓcáidí Comórtha Chéad Bliain. Cuireadh *Gairdín Spúnóige,* píosa airgid dealbhóireachta le Annemarie Reinhard, buaiteoir choimisiún NMI/DCCI Covid 19, isteach sna Gailearaithe Troscáin Seanré. *Gunna Machaire 18 bpunt 9168:* Is taispeántas é *Caillte agus Aimsithe* a cuireadh ar taispeáint i *Saighdiúirí agus Taoisigh* i mí na Nollag i gcomhar le hÓglaigh na hÉireann, a chaomhnaigh an gunna seo ó ré an Chogaidh Chathartha go fíorchúramach. Cuireadh dlús le hobair ar *Ghailearaithe Stair na hÉireann de chuid an 20ú hAois*, a osclófar in 2024. Tugadh tús áite don phleanáil i leith an taispeántais i rith na bliana, ceapadh triúr taighdeoirí coimeádaíochta i mí Aibreáin agus reáchtáladh sraith ceardlann le dearthóirí/dearthóirí grafacha an taispeántais i rith na bliana.

**Bailiúcháin**

Mar gheall ar oibreacha struchtúracha atá le déanamh go luath sa Bhloc Thuaidh chun gailearaithe Stair na hÉireann san 20ú hAois a éascú (ar an 3ú hurlár), bhí gá le haistriú suntasach de bhailiúcháin laistigh den Bhloc Thuaidh agus ón mBloc Thuaidh araon chuig Ionad Acmhainní na mBailiúchán. Cuireadh tús le mórthionscadal chun na bailiúcháin iomlána chriadóireachta agus ionstraimí eolaíochta a aistriú chuig IAB. Rinneadh conradh le láimhseálaithe ealaíne seachtracha agus caomhnóirí chun an obair a dhéanamh le cúnamh ó fhoireann Ealaíne agus Tionsclaíochta, na Rannóige Clárúcháin agus Caomhantais. Rinne foireann Ealaíne agus Tionsclaíochta, a bhí ag obair leis an bhfoireann Caomhantais , obair ullmhúcháin freisin chun an bailiúchán airm a aistriú laistigh de stórais an Bhloc Thuaidh. Bhí an obair seo ina tosaíocht ag an rannóg le linn 2022.

Rinne foireann Ealaíne agus Tionsclaíochta a bhí ag obair le comhghleacaithe sa Rannóg Caomhantais éascaíocht ar chríochnú an tionscadail soilse LED go luath sa bhliain. Rinneadh seiceálacha doiciméadaithe go rialta i ngailearaithe agus stórais timpeall champas CB de réir

an Chláir um Chaighdeáin Músaem in Éirinn. I mí Feabhra cuireadh deireadh le taispeántas mhasc mairbh Mhichíl Uí Choileáin agus rinneadh scanadh 3T air chun macasamhail a chruthú do Mhúsaem Theach Mhichíl Uí Choileáin i gCloich na Coillte. Cuireadh bratach / cófra meirge nua i mBloc 14 le go bhféadfaí bailiúchán na mbratach agus na meirgí a stóráil ar bhealach níos sábháilte. Éascaíodh taighdeoirí le rochtain ar na cnuasaigh stóir i rith na bliana.

**Iasachtaí**

Rinne an rannán éascaíocht ar roinnt iarratas ar iasachtaí agus rudaí ar iasacht a thabhairt ar ais i rith 2022. Tugadh cnuasach beag rudaí ón Iaráin ar iasacht don taispeántas, *Cruinniú in Isfahan. Fís agus Malartú in Safavid, an Iaráin*i Leabharlann Chester Beatty, a bhí ar siúl ó mhí Feabhra go Lúnasa, cé go ndearnadh go leor den obair ullmhúcháin in 2021. I mí Dheireadh Fómhair tugadh fáinne intaglio snoite ar iasacht don taispeántas, *Na Chéad Bhlúirí: Paipír Bhíobalta ón Éigipt Rómhánach,* ar siúl i Leabharlann Chester Beatty freisin, beidh an taispeántas ar siúl go dtí Deireadh Fómhair 2023. Thug Músaem Uladh iasacht ar ais i mí Eanáir, bailíodh cailís Mhig Uidhir ó Mhúsaem Chontae Fhear Manach i mí Lúnasa agus tugadh Cros Victoria Mháirtín Uí Mheara ar ais chuig Iarsmalann Chogadh Iarthar na hAstráile i ndiaidh í a thaispeáint i *Saighdiúirí agus Taoisigh*. Rinneadh roinnt iasachtaí fadtéarmacha, amach agus isteach, a athnuachan, agus cuireadh síneadh bliana leis an iasacht maidir le taisce bonn óir Charraig na Siúire chuig Músaem Contae Thiobraid Árann.

**Ceannacháin 2022**

Fuarthas roinnt rudaí i rith na bliana i gcomhair na mbailiúchán Ealaíne agus Tionsclaíochta. I measc na rudaí a ceannaíodh bhí, *1845: Memento Mori,* suiteán gloine le Paula Stokes; póstaer Francach scannáin le haghaidh The Quiet Man, 1952; piostal Rigby Bulldog; clogad sáirsint LSF (Tréimhse Éigeandála); agus teilgeoir roicéad RPG 7 a bhaineann leis na Trioblóidí, 1970idí – 1990idí. Ceannaíodh póstaer earcaíochta freisin don Arm Náisiúnta, Eanáir 1922; "Fionraíocht Ionsaí" Fhórsaí Frith-Chonartha an IRA ó Frank Aiken, Ceann Foirne 1923 (an 27 Aibreán); agus ciarsúr maisithe a rinne banphríosúnach Poblachtach i bPríosún Luimnigh in 1977.

I measc na rudaí a bronnadh bhí, bailiúchán de dhearadh troscáin agus fréamhshamhlacha leis an ailtire/dearthóir Tony O'Neill, agus an chartlann lena mbaineann; dhá fheisteas John Rocha ó na 1980idí agus feisteas ó na 1970idí le Clodagh; samplóir léarscáile Quaker ó 1816 a léiríonn léarscáil den Eoraip a rinneadh i Móinteach Mílic; bailiúchán beag de chriadóireacht Cheardlanna Dearthóireachta Chill Chainnigh; cnuasach beag rudaí a bhaineann le cúrsaí teileachumarsáide; lear mór rudaí a bhaineann leis na bailiúcháin staire míleata; agus rudaí éagsúla a bhaineann le bailiúchán na hÉire Comhaimseartha.

**Cainteanna/léachtaí/agallaimh**

Thug foireann Ealaíne agus Tionsclaíochta cainteanna agus léachtaí uathu maidir le lear mór lucht éisteachta i láthair go pearsanta agus ar líne trí sheimineáir ghréasáin, léachtaí, srl. Tugadh cainteanna do ghrúpaí staire agus sainspéise áitiúla amhail Cumann Staire Ráth Michíl agus Cumann Airgid na Beilge. Freastalaíodh ar ghrúpaí éagsúla mac léinn le cainteanna agus turais a chlúdaigh na bailiúcháin, mic léinn ó na Meáin Staire & Staidéar Oidhreachta in Ollscoil John Moore, Learpholl; MA i Staidéar Iarsmalainne i gColáiste na

hOllscoile, Corcaigh; MA sa Dearadh agus Cultúr Ábhartha i gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha; MA i Stair Ealaíne, Bailiúcháin agus Coimeádaíocht sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; agus MA i Nuálaíocht Dearaidh in Ollscoil Mhá Nuad. Rinneadh agallaimh faoi thaispeántais nua agus ábhair eile a bhain leis na bailiúcháin.

**Seaniarsmaí na hÉireann**

Tá Rannán Sheaniarsmaí na hÉireann (IAD) freagrach as na bailiúcháin seandálaíochta, eitneagrafaíochta, chlasaiceacha agus Éigipteacha, chomh maith le riaradh feidhmeanna reachtúla éagsúla amhail rialú ceadúnas chun rudaí seandálaíochta a easpórtáil agus a athrú.

**Ceadúnú**

Chuir an Rannán dualgais i gcrích a bhain le feidhmeanna reachtúla Ard-Mhúsaem na hÉireann faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta. Rinneadh 1613 iarratas ar cheadúnas a phróiseáil agus rinneadh roinnt iniúchtaí ar láithreáin maidir leis na hoibreacha seandálaíochta mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Ceadúnas chun tochailt/monatóireacht/brath/tumadh | 1021 |
| Toilithe agus Treoracha Aire | 70 |
| Ceadúnas chun rud seandálaíochta a athrú | 291 |
| Ceadúnas chun rud seandálaíochta a easpórtáil | 231 |

In 2022, chuaigh foireann Rannán Sheaniarsmaí na hÉireann i mbun plé go rialta le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta (NMS) agus chuir siad comhairle ar go leor cuideachtaí seandálaíochta tráchtála i dtaca le cúram agus fosú maidir le bailiúcháin thochailte. Chuir an fhoireann tús le mórthionscadal chun bailiúchán oidhreachta i dtaobh ábhar tochailte a phróiseáil i mí Iúil. Cinnteoidh an tionscadal seo, a dtugann Rannán Sheaniarsmaí na hÉireann tacaíocht dó, cúram cuí agus inrochtaineacht ábhair sa todhchaí ó bhreis is 200 láithreán seandálaíochta. Sheol an fhoireann doiciméad nuashonraithe *Caighdeáin* freisin maidir le rudaí ó thochailtí a ionramháil. Dhear agus reáchtáil foireann Rannán Sheaniarsmaí na hÉireann suirbhé tábhachtach chun méid na mbailiúchán tochailte atá fós le forshealbhú maidir le bailiúchán an Stáit chun eolas níos fearr a chur ar fáil i dtaobh rioscaí, comhlíontachta agus riachtanais stórála.

**Obair allamuigh**

Rinneadh obair allamuigh maidir le fionnachtana seandálaíochta i 20 contae; Aontroim, an Clár, Corcaigh, Baile Átha Cliath, Gaillimh, Ciarraí, Cill Chainnigh, Liatroim, Luimneach, an Longfort, Maigh Eo, an Mhí, Uíbh Fhailí, Ros Comáin, Sligeach, Tiobraid Árann, Port Láirge, an Iarmhí, Loch Garman, agus Cill Mhantáin.

**Éadálacha**

Cláraíodh 291 ceannachán bliantúil in 2022, lena n-áirítear roinnt rudaí fíorshuntasacha. I mí Feabhra, bhronn teaghlach Gaisford St Lawrence ó Chaisleán Bhinn Éadair trí chlog meánaoiseacha ó Eaglais Mhuire, Binn Éadair, Co. Bhaile Átha Cliath ar Ard-Mhúsaem na hÉireann. Is sampla neamhchoitianta iad na cloigíní seo de dhéantán den chineál seo atá ar marthain fós. Thángthas ar roinnt fionnachtana ime portaigh tábhachtacha in 2022 freisin. Cuireadh dáta radacarbóin i bhfeidhm a thug le fios gur bhain adhmad a bhí ar marthain i seafta bró rothlaigh diosca a fuarthas i mBaile Bhaiscinn, Co. an Chláir an leis an deichiú haois AD, rud a sholáthar dáta absalóideach tábhachtach don chineál ruda seo. Rinneadh sraith trí shoitheach adhmaid snoite a fuarthas ar phortach i gCo. an Longfoirt a dhátú go dtí an ceathrú agus an dara haois R.Ch. Fuarthas béalbhach capaill de chuid na hIarannaoise

freisin. B’fhéidir gurbh é an fionnachtain ba shuntasaí ón mbliain ná claíomh iarainn ón Iarannaois atá laistigh dá thruaill cré-umha, atá maisithe de réir stíl La Tène. Is annamh a thagtar ar fhionnachtana dá leithéid, agus níl ach sampla amháin eile ar eolas againn i measc bhailiúcháin Ard-Mhúsaem na hÉireann.

**Cúrsaí Dlí**

Mar gheall ar chineál feidhmeanna reachtúla Ard-Mhúsaem na hÉireann faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 go 2014, chuathas i mbun plé go rialta leis an nGarda Síochána agus le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, go háirithe maidir le ceist i dtaobh brath miotail neamhcheadúnaithe. Dhéileáil an fhoireann le seacht dtuairisc is fiche ar leith ar rudaí ar aimsigh gléasanna braite iad. Chuaigh an fhoireann i mbun plé freisin le comhghleacaithe sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, go háirithe maidir le ceadúnais easpórtála chuig an Ríocht Aontaithe, i ndiaidh an Bhreatimeachta. Chuaigh an fhoireann i mbun plé freisin le hOifig Phríomh-Aturnae an Stáit maidir le roinnt ceisteanna éagsúla le linn 2022

**Taispeántais agus Iasachtaí**

Is cuid shuntasach d’obair Rannán Sheaniarsmaí na hÉireann iad iasachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta araon gach bliain.

**Éire**

Lean foireann Rannán Sheaniarsmaí na hÉireann orthu le feabhas a chur ar choinníollacha maidir le rudaí ar taispeáint sa chnuasach stóir ar fud cheithre láithreán. Athosclaíodh taispeántas *Éire na Meánaoise* i mí an Mheithimh tar éis caomhnú leasúcháin ar roinnt rudaí agus obair ar chásanna taispeántais chun coinníollacha taispeána a fheabhsú.

**Músaeim Áitiúla**

Mar chuid de shainchúram Rannán Sheaniarsmaí na hÉireann chun obair le músaeim áitiúla agus réigiúnacha in Éirinn, chuaigh an fhoireann i mbun plé agus chuaigh sí i gcomhairle le comhghleacaithe músaeim ar fud na hÉireann. Rinne an fhoireann iniúchadh ar iasachtaí chuig Músaem Ime Chorcaí, Iarsmalann Contae an Dúin, Músaem Contae Chiarraí, Ionad Oidhreachta an Leasa Mhóir, Músaem Chorca Dhuibhne, Muileann na Sceirí agus Scabhat Smock. I mí an Mhárta rinne an fhoireann éascaíocht ar iasacht rathúil le haghaidh lá amháin maidir le bachall na Seanchille chuig Séipéal Pharóiste Naomh Mhatha, Bóthar na Seanchille, Béal Feirste. I mí Lúnasa, chuir an fhoireann rudaí isteach i Músaem Contae Thiobraid Árann ar baineadh amach iad chun athfhorbairt an Mhúsaeim a éascú. I mí Dheireadh Fómhair, cuireadh ábhar isteach i Leabharlann Chester Beatty dá dtaispeántas *Na Chéad Bhlúiríní:* Taispeántas *Paipír Bhíobalta ón Éigipt Rómhánach.* I mí na Samhna, chuir an fhoireann iasacht chuig Músaem Ainmnithe Phort Láirge isteach arís i dTúr Reginald i ndiaidh oibreacha uasghrádaithe ar an suíomh.

**Idirnáisiúnta**

Sheachaid agus shuiteáil baill foirne Rannán Sheaniarsmaí na hÉireann iasacht mhór i dtaispeántas *World of Stonehenge* i Músaem na Breataine, ina raibh go leor rudaí ó Rannán Sheaniarsmaí na hÉireann le feiceáil lena n-áirítear Ceann Mhása Chnóbha agus Scornán Ghleann Insín.

**Cuairteanna Taighde**
Cuid lárnach d'obair Rannán Sheaniarsmaí na hÉireann gach bliain is ea spreagadh agus tacaíocht ghníomhach a thabhairt do thaighdeoirí chun rochtain a fháil ar chartlann an rannáin agus ar a bailiúcháin. Rinne an fhoireann éascaíocht ar 276 cuairt ar an gcartlann agus 102 cuairt ar na cnuasaigh stóir. I rith na bliana, rinne an fhoireann cuardaigh ar an mbunachar sonraí thar ceann taighdeoirí nach raibh in ann a bheith i láthair go pearsanta.

**Taighde/Tionscadail**
D'oibrigh an fhoireann ar roinnt tionscadal taighde agus ar fhoilseacháin i dtaobh ceannacháin a fuarthas le déanaí. Thacaigh an fhoireann freisin le roinnt iarratais taighde ar chiste Taighde Seandálaíochta Straitéiseach Náisiúnta na hÉireann a bhain le taighde ar bhailiúcháin Rannán Sheaniarsmaí na hÉireann. Rinneadh dul chun cinn ar thaighde ar Thionscadal na gCorpán Portaigh, ar shoithí na luath-mheánaoise, ar bhunanna sleá na hIarannaoise agus ar adhlacthaí a tochlaíodh le déanaí. I mí na Samhna, thosaigh an Dr Aoife O'Brien ag obair leis an bhfoireann mar an chéad choimeádaí riamh ar bhailiúcháin Eitneagrafaíocha/Chultúir an Domhain. Thug na baill foirne tacaíocht coimeádaíochta do chéim II den tionscadal Fardail.

**Ionadaíocht**
Rinne an fhoireann ionadaíocht thar ceann Ard-Mhúsaem na hÉireann ar na comhlachtaí seachtracha seo a leanas: Coiste Idirchaidrimh Seandálaíochta Bhord na Móna; Grúpa Idirchaidrimh na Músaem Ainmnithe; Coiste Stiúrthóirí an Chláir Fionnachtana; Coiste Stiúrtha an Acadaimh Ríoga um Sheandálaíocht; Comhairle Chumann Ríoga Ársaíochta na hÉireann; an Bord Eagarthóireachta, Iris Seandálaíochta na hÉireann; Coiste Comhairleach Grúpa Oibre an Rialtais um Oiriúnú don Athrú Aeráide. Go hinmheánach, rinne an fhoireann ionadaíocht ar son an Rannáin ar lear mór coistí beartais lena n-áirítear an Coiste um Shláinte agus um Shábháilteacht.

**Rannpháirtíocht Phoiblí**
Thug foireann Rannán Sheaniarsmaí na hÉireann léachtaí poiblí agus cuairt ar lear mór lucht féachana ar ábhair sheandálaíochta agus mhúseolaíochta laistigh d'Ard-Mhúsaem na hÉireann, ar fud na tíre agus in áiteanna thar lear. Tugadh léachtaí poiblí d'Fhéile Eolaíochta Lár na Tíre, Cumann Allamuigh Shligigh, Cumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach, Fóram Oidhreachta Pobail Shligigh, an Naoú Comhdháil Idirnáisiúnta um Ealaín na nOileán in Durham agus an 19ú Comhdháil Lochlannach i Learpholl. Thug an fhoireann léachtaí/rinne siad cur i láthair freisin do chláir fochéime agus iarchéime i Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil na Gaillimhe agus i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, lena n-áirítear an cúrsa MA i Staidéar Iarsmalainne i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Thug baill foirne a n-aghaidh ar go leor tuairiscí sna meáin agus iarratais ar agallaimh le haghaidh cláir faisnéise teilifíse, podchraoltaí agus craoltaí eile a bhain leis na bailiúcháin.

**Stair an Dúlra**

Déanann an Rannán um Stair an Dúlra (NHD) cúram de bhailiúcháin an Mhúsaeim i ndisciplíní na zó-eolaíochta agus na geolaíochta, ina bhfuil tuairim is dhá mhilliún eiseamal.

**Oibreacha Caipitiúla Stair an Dúlra**
Athosclaíodh foirgneamh Stair an Dúlra ar Shráid Mhuirfean ar an 2ú Lúnasa 2022 tar éis dó a bheith dúnta don phobal ó Dheireadh Fómhair 2020 le haghaidh obair aistrithe agus obair thógála. Sa chéad leath de 2022 cuireadh ardán oibre (ar a dtugtar an Deic Tuairte) isteach 2m faoi bhun an tsuí-léis i bhfoirgneamh Shráid Mhuirfean. Is éard a bhí i gceist leis an obair ná bíomaí cruach a chur isteach a bhí ceangailte de phlátaí cruach saincheaptha, a cuireadh isteach go cúlaitheach idir bloic na mballaí, agus giarsaí ann idir na bíomaí chun tacú le leatháin sraithadhmaid agus inslithe, agus cuireadh balla uas-starrac atá séalaithe ó thaobh na timpeallachta de leis chun cabhrú le deacrachtaí a bhain le deannach agus aimsir le linn oibreacha dín a bhainistiú. Cuireadh críoch le cur isteach na Deice Tuairte, le baint an scafaill agus leis an ollchóiriú gaolmhar ar fad agus tugadh an foirgneamh ar ais don Ard-Mhúsaem ar an 1ú Iúil.

**Taispeántais**
Cuireadh taispeántais ar siúl athuair sa Seomra Éireannach, mar ullmhúchán don athoscailt ar urlár na talún amháin ar an Máirt, an 2 Lúnasa, i ndiaidh craoladh *The Dead Zoo* ón oíche roimh ré, clár faisnéise 1 uair an chloig a thug cuntas ar thionscadal an aistrithe a bhí ar siúl in 2020-2021. Cuireadh srian ar líon na ndaoine a ligfí isteach san áit mar gheall ar aslonnú i gcás tine, ach fós féin thug 137,000 duine cuairt ar an láthair idir an 2ú Lúnasa agus an 31ú Nollaig.

D'oibrigh baill foirne i gcomhpháirt le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann (SGÉ) chun cothabháil a dhéanamh agus feabhas a chur ar thaispeántais, fad is a thacaigh siad le gníomhaíochtaí a chur ar siúl le teacht leis an taispeántas *Cos a Chur i dTaca – Breathnaigh Thart ar Gheolaíocht na hÉireann* sa Scoil Mharcaíochta, i nDún Uí Choileáin.

**Bailiúcháin**
Rinne an fhoireann an t-uafás oibre ó thaobh bailiúchán de, lena n-áirítear suirbhé a dhéanamh ar na heiseamail leachtacha go léir agus beart barrlíonta a rinneadh i Sráid Mhuirfean fad is a bhítear ag gabháil do shuirbhé ar bhonn leanúnach ar an mbailiúchán leachtach atá á stóráil i dTor an Bhacaigh; gan trácht ar bhlaosc a athshuí agus an creatlach d'Fhia Mór na mBeann a aimsíodh i Loch Naglack a dheisiú ar an mbealach isteach chuig Seomra na hÉireann. Lena chois sin, glanadh, deisíodh agus cuireadh na taispeántais feithideolaíochta ar taispeáint arís i Seomra na hÉireann agus ba mhór an obair a rinneadh ar na bailiúcháin feithidí atá i stóras agus meas idirnáisiúnta orthu. I gcomhar le comhghleacaithe sa Rannóg Clárúcháin, cuireadh tús leis an Tionscadal um Fhardal Geolaíochta nuair a ceapadh ceathrar ball foirne ar conradh ar an bhFoireann Fardail. Rinneadh tástáil ar na bailiúcháin gheolaíochta le fáil amach an raibh mianraí radaighníomhacha iontu; tá plean chun iad a stóráil agus a láimhseáil á chur le chéile faoi láthair. Rinneadh measúnaithe tosaigh le fáil amach an raibh meath piríte ar siúl agus chun lipéid eiseamail a chaomhnú.

**Éadálacha**
Fuarthas roinnt bailiúchán Feithideolaíochta tábhachtach in 2022, bailiúcháin arb ionann iad agus 13,000 eiseamal ar leith ó bhailitheoirí leithéidí Don Cotton (2,500 eiseamal d'fheithidí), John Lavery (3,700 eiseamal), Kenny Murphy (5,310 leamhan), agus Paddy Ashe (1,300 cuileog). Ina theannta sin, fuarthas eiseamail de 5 speiceas feithidí a aimsíodh le déanaí in Éirinn, agus foilsíodh taighde ar na hábhair seo. Bhronn Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn, Baile Átha Cliath, bailiúchán de thart ar 200 eiseamal zó-eolaíoch ó bhailiúchán teagaisc stairiúil.

**Taighde agus Plé leis an bPobal**
D'fhreagair baill foirne 554 fiosrú nua i rith na bliana. I measc seo bhí 240 Cineál moilisc a tugadh ar iasachtaí taighde chuig Ard-Mhúsaem na Breataine Bige agus chuig Músaem Stair an Dúlra, Londain. Tá breis is 1,600 sampla curtha le Taisce na hÉireann d'Fhíochán Géiniteach Céiticeach anois, taifead nua d'Éirinn san áireamh nuair a cuireadh Caisealóid abhcach leis. Phléigh an fhoireann leis an bpobal ar na meáin shóisialta, chuir siad le míreanna teilifíse, raidió agus nuachta, chomh maith le roinnt cainteanna fíorúla agus i bpearsa a thabhairt, agus d'fhreastail siad ar chúrsaí oiliúna agus ar sheimineáir ar líne agus i bpearsa.

**Comhar agus Caidrimh a Chothú**
D'oibrigh an fhoireann i gcomhar le comhpháirtithe taighde chun maoiniú €530,000 a fháil ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara le haghaidh tionscadail taighde chun feithidí atá ina veicteoirí galar in Éirinn a shainaithint agus monatóireacht a dhéanamh orthu (2022-2026) agus chuidigh siad le hoiliúint a chur ar mhic léinn PhD mar chuid den tionscadal. Thug an Rannóg saintacaíocht earnála do roinnt eagraíochtaí, lena n-áirítear ollscoileanna agus iarsmalanna in Éirinn, i Sasana, sa Bhreatain Bheag, sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, san Eastóin, san Iodáil, sna Stáit Aontaithe agus san Astráil. Lean baill foirne de chúram a dhéanamh de nithe ar spéis leis an bpobal iad in éineacht le heagraíochtaí eile, lena n-áirítear an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, an Plean Uile-Éireann um Pailneoirí, Irisleabhar Nádúraithe na hÉireann, Cumann Geolaíochta na hÉireann, Cumann Ríoga Feithideolaíochta na hÉireann agus Cumann Bhailiúcháin na nEolaíochtaí Nádúrtha. Rinneadh obair i gcomhar freisin le comhpháirtithe tionscadail, lena n-áirítear Oifig na nOibreacha Poiblí, Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, an Grúpa Éireannach maidir le Míolta Móra agus Deilfeanna, COBÁC, CTBÁC, COC, Ard-Mhúsaeim na Breataine Bige, Ard-Mhúsaem Thuaisceart Éireann, agus Músaem Stair an Dúlra. Londain.

**Saol na Tuaithe**

Déanann Rannóg Shaol na Tuaithe in Éirinn bailiúchán náisiúnta d'earraí a bhainistiú a thugann léargas ar an saol in Éirinn fadó, ar bhealach a thuigeann gur cuid den saol é go n-athraíonn agus go bhforbraíonn traidisiúin agus a fhéachann le hé sin a chur san áireamh in ár bpolasaí bailithe. Leanann an Rannóg d'obair i gcomhar le pobail agus de mhachnamh a dhéanamh faoi théamaí a d'oirfeadh d'earraí na linne seo a bhailítear. Tá an Rannóg lonnaithe in Ard-Mhúsaem na hÉireann – Saol na Tuaithe, Páirc Thurlaigh, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo. Stóráiltear bunáite bhailiúcháin Shaol na Tuaithe in Éirinn i bPáirc Thurlaigh.

**Éadálacha**

Cláraíodh 172 ceannachán san iomlán, lena n-áirítear earraí bainteach le réada neamhbhuana creidimh/cuimhneacháin, bréagáin, taifid fruilcheannaigh, troscán, mionsamhlacha de bháid, cultúr ábhartha Lucht Siúil na hÉireann. *I measc na rudaí ar díol spéise iad bhí:*
Bronnadh bior rothlach ó dhuine i gCorcaigh chomh maith le roinnt mionsamhlacha de bháid thraidisiúnta agus muga cuimhneacháin a rinneadh i SAM in ómós do dhiaspóra na hÉireann. I measc na rudaí a ceannaíodh bhí póstaeir Thaistil, cathaoir mhaide, cófra spréite, Seál Gaillmheach, agus meascán de rudaí ó Scrín Ghobnait, Baile Bhúirne, Co. Chorcaí. Bronnadh bunbhabhla measctha chomh maith a rinneadh in 1931 chun Sudocrem a dhéanamh i mBaile Átha Cliath. Bhronn teifigh ón Úcráin réada den seandéanamh freisin. Rogha d'earraí práis agus stáin a rinne Tom McDonnell, Gabha stáin taistil ó Bhaile Átha Cliath. Fáinne airgid a rinneadh as bonn airgid airgid 10 bpingine puint na hÉireann.

**Taispeántais**

*Súil Siar ar Thraidisiún na gCathaoireacha in Éirinn*
Lean sé seo ar aghaidh mar an príomhthaispeántas sealadach ar an láthair. Cuireadh le chéile é i gcomhar le mic léinn ó Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe - Maigh Eo, ó Leitir Fraic, agus ón dtionscnamh 'Tá Tú Anseo': Tionscadal ealaíne poiblí chathaoireacha Thuama ó 2016. Cuireadh imeachtaí gaolmhara ar siúl i rith na bliana; cainteanna, siompóisiam, seoladh saothar ealaíne le mic léinn nua, eisiúintí físeán, feachtais ar na meáin shóisialta.

*1845: Memento Mori le Paula Stokes*
Ba éard a bhí i gceist leis an suiteán ealaíne seo i dTeach Pháirc Thurlaigh ná 1845 práta gloine séidte lámhdhéanta i gcuimhne ar an nGorta Mór, seoladh é i mí na Samhna 2021 agus dúnadh é i mí Iúil 2022. Fuair Ard-Mhúsaem na hÉireann an suiteán ealaíne seo ina dhiaidh sin.

*An Gorta Mór*
Seoladh an taispeántas seo sna hEalaíona Maisiúla & Stair in AMÉ (Ard-Mhúsaem na hÉireann) ar an 25 Bealtaine, 2022, agus comóradh á dhéanamh aige ar 175 bliain ó tharla '47 an Bhróin' sa bhliain 1847, bliain a d'fhan i gcuimhne na ndaoine go ceann i bhfad mar an bhliain is coscraí le linn an Ghorta Mhóir. Chuir sé cúig réad thábhachtacha ó aimsir an Ghorta Mhóir ar taispeáint le hábhar machnaimh a thabhairt faoin tréimhse sin.

*FOLK 21*
Cuireadh an tsraith thaispeántas seo ar siúl chun comóradh a dhéanamh ar an lá saoire náisiúnta nua ar Lá Fhéile Bríde ó 2023 ar aghaidh agus aon bhliain is fiche ann ó osclaíodh Ard-Mhúsaem na hÉireann – Saol na Tuaithe i bPáirc Thulaigh, Caisleán an Bharraigh, Co.

Mhaigh Eo. Thug FOLK 21 ardán do cheithre shraith de 21 réad ó Bhailiúchán Shaol Tuaithe na hÉireann, agus ba bhailiúchán de 21 chrosóg Bhríde é an chéad cheann acu. De réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh, athraíodh na taispeántais don taispeántas tógtha as stóráil seo. 21 rud a shamhlaítear le gach lá cinn ráithe - cuireadh stampaí ime, crosa ó aimsir na bpéindlíthe agus aghaidheanna fidil Oíche Shamhna ar taispeáint. Cuireadh na crosa ar taispeáint arís ag deireadh na bliana in am do Lá Fhéile Bríde 2023. Cruthaíodh gailearaithe ar líne chun grianghraif nua de na réada a chur os comhair an phobail.

*Curach a dhéanamh – Michael Conneely*
Mar chuid dentaispeántas ar líne seo bhí scannán agus grianghraif a ghlac baill foirne AMÉ de Michael Conneely agus curach á dhéanamh aige ar Inis Oírr, Contae na Gaillimhe, sa bhliain 1968. Taispeánann sé gach céim de dhéanamh an bháid chomh maith le léargas a thabhairt ar obair allamuigh AMÉ. Tá a bhád ar taispeáint go buan i ngailearaithe Pháirc Thurlaigh.

*Ealaín mhuintir na Polainne – Bunchlocha Creidimh, Dath agus Siombailí*
Arna choimeád ag an ENR (eagraíochtaí neamhrialtasacha), Bardzo Ladnie Foundation seoladh an taispeántas seo i mí na Nollag 2020 agus mhair sé go dtí anonn go maith in 2022.

*Ailtireacht Świdermajer*
Arna choimeád ag an ENR, Bardzo Ladnie Foundation, tá an taispeántas seo ar taispeáint mar chuid d’fheachtas náisiúnta dar teideal *Imeascadh Trí Chultúr*. Mar chuid de tá grianghraif de thithe móra Świdermajer le Tomasz Brzostek agus painéil eolais faoin stíl. Lean sé ar aghaidh go dtí mí an Mhárta 2022.

**Comhar & Caidrimh a Chothú**
Tá tús curtha le Mincéir.ie mar thionscadal agus maoiniú faighte aige agus dá bharr seo forbraíodh tairseach Náisiúnta Ar Líne seo d’ábhair chultúrtha an Luchta Siúil. Is é rud a tháinig as seo ná obair i gcomhar le grúpaí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta den Lucht Siúil ar thionscadail amhail aithint rudaí, turais curtha in oiriúint do phobail ar leith, cláir ealaíne, imeachtaí bailithe pobail, plé painéil, seanóirí pobail a thaifeadadh mar chuid den Tionscadal Suwnie Arás, freastal mar aoi agus mar bhall painéil ar Misleór, Féile Idirnáisiúnta na bhFánaithe agus tús a chur le tionscadal scanta grianghraf i gcomhar le Paróiste an Luchta Siúil. Forbraíodh sraith cártaí do pháistí i gcomhar le Conairí Luchta Siúil/ Minceir Keyart.

D'oibrigh mic léinn troscáin ó Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe - Maigh Eo le Rannóg Shaol na Tuaithe in Éirinn chun cathaoireacha a chruthú le cur ar taispeáint mar chuid dár Súil Siar ar Thraidisiún na gCathaoireacha in Éirinn.

Reáchtáladh neart tionscadal ealaíne agus rinne éascú ar roinnt ealaíontóirí le go mbeadh rochtain acu ar an mbailiúchán. Rinneadh neart for-rochtana leis i bhfoirm na dturas agus léachtaí a cuireadh ar siúl. Comhoibriú amháin ab ea tionscadal ealaíne i gCorcaigh, *Músaem na n-Éan agus na mBeach.*

Reáchtáladh imeachtaí Úcránacha i rith na bliana ina raibh béim ar naisc chultúrtha. Ar Oíche Chultúir rinneamar imeacht a óstáil do theifigh Úcránacha. Ceiliúradh Oíche Chultúir

ar an 23ú lá de mhí Mheán Fómhair, dáta ar a gceiliúrtar fómhar Dozhinki freisin agus cosúlachtaí le sonrú ann le traidisiúin na hÉireann.

**Taighde agus Plé leis an bPobal**

Ghlac an Rannóg páirt in dá thionscadal taighde in COBÁC; FOODSEC a dhéanann iniúchadh ar conas a stóráladh grán sa réamhstair agus CUPHAT, tionscnamh turasóireachta do roinnt ceantar cois cósta agus do cheantair sléibhe sa Bhreatain Bheag agus in Éirinn. D'fhreastail baill foirne ar an gComhdháil Shaol na Tuaithe in Biggar in Albain.

Mar chuid de ghailearaí an bháid a fhorbairt, leanadh ar aghaidh i mbun taighde & agus plé leis an bpobal. Cuidíodh le Currachaí na Sceirí, grúpa de thógálaithe, díograiseoirí agus rámhaithe curach ar an gcósta thoir, agus taighde á dhéanamh acu ar an modh tógála curaí Bhéal Deirg a chleachtann siad. Níos deireanaí sa bhliain, rinneadh agallaimh le Breandán Mac Conamhna ar cé Bhéal Deirg. Thug baill foirne cuairt ar Chnuasach Bhéaloideas Éireann ag COBÁC agus d'fhreastail siad ar an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, áit ar chuir siad aithne ar dhaoine atá eolach ar bháid chósta. Ina theannta sin, d'oibrigh baill foirne le hEagraíocht Acmhainní Mara Oileáin na hÉireann i rith na bliana chun téamaí a aimsiú don ghailearaí. Tugadh cainteanna faoi na báid traidisiúnta a d'úsáidtí amach ón gcósta thiar ag Deireadh Seachtaine na hOidhreachta Muirí 2022 ag an Ros, Contae Shligigh. Leanadh leis an bplé le hinstitiúidí tríú leibhéal i bhfoirm mic léinn ag teacht ar cuairt chuig gailearaí an bháid agus iad ag teacht ó Ollscoil na Gaillimhe, áit a raibh staidéar á dhéanamh acu ar Chultúr Ábhartha agus Iarsmalanna, chomh maith le mic léinn MA ó COBÁC, mic léinn Stair & Tíreolaíochta OTA Mhaigh Eo, Grúpa Treoraithe Cósta SDOG Acla agus an dearthóir Peter Sheehan a n-oibríonn le mic léinn i gcoláistí dearaidh éagsúla. Scríobh Damien Donnellan ó Mhúsaem Chathair na Gaillimhe cuntas a postáladh ar bhlag na mbád traidisiúnta inar phléigh sé an MA i Stair Phoiblí agus Oidhreacht Chultúrtha a chríochnaigh sé le déanaí. Mar chuid den iarracht ábhar agus cuimhní faoi Naomh Éanna a bhailiú, rinneadh agallaimh leis na meáin agus cothaíodh díospóireacht ar na meáin shóisialta. Chuathas chun cainte le roinnt bádchlós, le daoine aonair agus le clubanna rámhaíochta i rith na bliana agus fuarthas ábhar luachmhar (agallaimh, mionsamhlacha de bháid agus tacaíocht).

I gcomhar le Lucht Siúil Naomh Maighréad, chuathas i mbun taighde a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt do thionscadal *Pisoge*. Oibríodh i gcomhar le Grúpa Gníomhaíochta Lucht Siúil Bhaile Formaid ar an tionscadal *Steidi* chomh maith. Dhá fhoilseachán faoi shaothair coimeádta ag an bpobal agus a bhaineann le nósanna, cleachtais, seanchas agus imeachtaí séasúracha le teacht amach i Meitheamh 2023 agus i nDeireadh Fómhair 2023. Lean gach ball foirne le hobair a dhéanamh ar na bailiúcháin.

Thug baill foirne cuairt ar Mhúsaem Shaol na Tuaithe i Reading, Sasana i mí na Samhna 2022 agus d'fhreastail baill foirne ar Chlár Cearta Cultúrtha, Daonlathais Cultúrtha 2022 / Digwyddiad Hawliau a Democratiaeth Diwylliannolles a d'eagraigh Amgueddfa Cymru /Músaem na Breataine Bige.

**Tionscadail Ealaíne**

Cuireadh go leor taispeántas ealaíne ar siúl i nDánlann an Chlóis.

*Lá amháin – 40 Éirí Gréine*; Mí na Samhna 2021 – Aibreán 2022.
Taispeántas/tionscadal leis an ealaíontóir Ian Wieczorek, ina raibh 40 olaphictiúr beaga. Lean na híomhánna seo éirí gréine ar fud an domhain ar lá a roghnaíodh go randamach (15 Iúil 2020) bunaithe ar fhothaí beo ó cheamaraí gréasáin a fuarthas rochtain orthu tríd an Idirlíon. Cruthaíodh é i dtús báire mar thionscadal ar líne mar chuid de Ghradam Freagartha Covid na Comhairle Ealaíon 2020.

*Beneath/Beofhód*; Meitheamh - Méan Fómhair 2022.
Sraith de phriontaí fótagrafacha le Shane Hynan a thugann spléachadh ar phortaigh lár tíre na hÉireann agus ar an gcultúr a bhaineann leo. Cé gur phléigh an bailiúchán saothar níos leithne le téamaí amhail an cumha, athrú, déacht, teacht aniar, agus leochaileacht, bhain an taispeántas leas go háirithe as téama an traidisiúin agus na nua-aimsearthachta agus conas mar atá trasnaíl áirithe eatarthu i saol na linne leo in Éirinn.

*An Chreatlach Shóisialta*; Deireadh Fómhair 2022 – Eanáir 2023.
Rinne an bailiúchán saothar seo le Bryan Gerard Duffy machnamh ar na dúshláin shochaíocha a bhaineann le dáimh a choinneáil leis an traidisiún, féiniúlacht agus fréamhacha sinseartha as ar tháinig tú in aghaidh na hanachaine, an choilíneachais, agus an chaipitleachais.

**Caomhnú**

Is ar an Rannóg úaithe is mó a bhfuil sé de fhreagracht a chinntiú go gclóitear le caighdeáin chúraim agus chaomhnaithe bailiúcháin maidir leis na bailiúcháin fairsinge AMÉ atá á sealbhú ar iontaobhas aici don Náisiún. Is iad na réimsí is mó ar a ndíríonn an Rannóg Caomhnaithe ná riachtanais chúraim choisctheacha, leasúcháin, agus iniúchta Bhailiúchán AMÉ a fháil amach agus a chur i gcrích.

**Caomhnú Coisctheach agus feabhas a chur ar na bailiúcháin**
Bhí lámh ag baill foirne Chaomhnaithe ann nuair a aistríodh an gloine, na ceirmigh agus na hionstraimí eolaíochta ó stórais an Bhloic Thuaidh CB go dtí an IAB. Rinneadh é seo chun an bealach a réiteach d’obair struchtúrach san armlann agus sna stórais SI. Tá roinnt deacrachtaí fós ann leis an seomra Low RH sa KS agus leis an gCóras Bainistíochta Foirgneamh ar fud na láithreach CB. Tharla go raibh an CB agus KS foirgthe le leamhain cúpla uair agus b’éigean an reoiteoir mór sa Rannóg Caomhnaithe a phacáil agus cúpla babhta lódála a rith. Cuireadh reoiteoir agus seomra fuar nua isteach sa Rannóg Caomhnaithe agus feistíodh aonaid seilfeanna sa seomra céanna; coinníodh an sean-seomra fuar mar aonad cúltaca. Aistríodh  an bailiúchán teicstílí seandálaíochta sa KS go dtí boscaí saor ó aigéad, críochnaíodh cófraí tarraiceáin mhóra do stóráil brait i mBloc 14 agus cuireadh aonad stórais ar rollóirí ar bun agus é tionscanta don TPH. Aistríodh na sonraí timpeallachta go léir curtha i gcartlann go dtí bogearraí nua Meaco agus leasaíodh léarscáileanna agus cáipéisí chun na háiteanna nua ina mbeidh daoine ag logáil isteach a chur san áireamh. Ghlan baill foirne chaomhnaithe agus choimeádaíochta an taispeántas Éigipteach agus rinneadh uasghrádú iomlán ar chásanna taispeántais Éire na Meánaoise agus ar na spásanna mórthimpeall orthu. Cheap lucht na Rannóige Caomhnaithe ábhar a cuireadh le hiarratais ar chreidiúnú chuig an gClár um Chaighdeáin Músaem in Éirinn (MSPI) i leith trí láthair – TPH, CB agus CRCS agus, níos luaithe sa bhliain, scríobh siad an Straitéis um Chúram agus Chaomhnú Bailiúchán don tréimhse 2019-2022. Rud eile de, ghlac baill foirne Chaomhnaithe páirt i gceardlanna chun ‘an Straitéis um Chúram agus Caomhnú Bailiúchán’ 2023-2027 a phlé. Cuireadh tús ceart leis an bpróiseas seo agus sinn ag teannadh le deireadh 2022.

**Caomhnú Leasúcháin**
Rinneadh cóireáil ar réada roimh iad a chur ar taispeáint nó a thabhairt amach ar iasacht, chun an stóras a fheabhsú, chomh maith le foilsiú agus taighde mar aon le bearta garchabhrach faoi choinne ábhar seandálaíochta a tochlaíodh le déanaí. Díríodh go príomha ar réada a bhí sé beartaithe iad a chur ar taispeáint i ngailearaithe *Stair na hÉireann* a chuimsíonn teicstílí, páipéar agus na healaíona Maisiúla – táthar tar éis tús a chur leis an obair seo um an dtaca seo. Rinneadh caomhnú ar dhéantúsáin cheirmigh, mhiotail agus teicstíle chun iad a thabhairt ar iasacht don Leabharlann Chester Beatty (*Ishtan* agus *Iarsmaí ó Ré Ársa*). Rinneadh caomhnú ar chroíchnuasaigh chomh maith, lena n-áirítear bailiúchán maisc dhuine bheo Schlagintweit, réada adhmaid seandálaíochta ó uaimh IAD, dhá scrín shuntasacha ón dtaispeántas Éire na Meánaoise – an Fhiacail Phádraig agus scrín Leabhar Moling, mar aon le Scrín Loch Cinnéile, cóiste de chuid Grattan i Leitir Fraic, rogha d’armra san Armlann agus roth carráiste ghunna na hArmáide Fostaíodh caomhnóirí seachtracha chun obair speisialaithe chaomhnaithe a dhéanamh ar réada páipéir agus chun tacú leis an Straitéis um Chúram agus Chaomhnú Bailiúchán.

**Taispeántais agus iasachtaí**
Ghlac baill foirne Chaomhnaithe a phléann le teicstílí, páipéar agus na healaíona feidhmeacha páirt i roinnt cruinnithe pleanála agus sa chur is ag cúiteamh faoi na gailearaithe *Stair na hÉireann*. Bhí baint ag baill foirne le déantúsáin réamhstairiúla a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo a thabhairt ar iasacht don taispeántas *World of Stonehenge* i Músaem na Breataine agus na hiasachtaí don *Ishtan* agus d' *Iarsmaí ó Ré Arsa* sa Leabharlann Chester Beatty. Fuarthas ar ais rudaí a bhí ar iasacht ar feadh i bhfad ag Iarsmalann an Túir, Doire, agus caisleán Luimnigh fad is a tugadh iasacht do *Dublinia* chun críche. Chuidigh lucht na Rannóige Caomhnaithe leis na taispeántais *Gorta Mór* agus *Grianghraif de Chúrsaí Cogaidh* a d'oscail sa CB.

**Caomhnú Iniúchta**
Is den ghnáthchleachtas é scrúdú, iniúchadh agus anailís eolaíoch a dhéanamh ar na bailiúcháin mar chuid de phróisis chaomhnaithe. Tá an t-aonad X-gha Titan nua faoi lánseol agus dheimhnigh lucht GCC go raibh sé sábháilte tar éis cuairt iniúchta a thabhairt air. Leantar de radagrafaíocht a dhéanamh ar chroíchnuasaigh agus den tseirbhís do chaomhnóirí príobháideacha seandálaíochta. I measc na mbuaicphointí a thug sásamh mór dúinn bhí brath iarsmaí breise ar scrín Leabhar Moling agus an maisiú nach raibh súil ar bith leis a braitheadh trí bhíthin radagrafaíochta a dhéanamh ar an gclaíomh ón iarannaois a fuarthas i mBaile Mhic Aogáin. Agus é éirithe ina gnáthnós, rinneadh anailís xrf ar cheannacháin nua agus ionchasacha ó IAD chun comhdhéanamh agus barántúlacht a dheimhniú. I measc seo bhí déantúsáin a bhí sé beartaithe iad a thabhairt ar iasacht do Leabharlann Chester Beatty, réada a phléitear i bhfoilseacháin faoi Dhroim Meánach atá i mbéal a bhfoilsithe, béalbhacha capaill, chomh maith le soithí agus babhlaí crochta ó thús ré na meánaoise. Ghlac lucht bainistíochta leis an gcás a rinneadh ar son aonad iniompartha xrf a cheannach agus táthar ag súil go seachadfar é go luath san Athbhliain. Ina theannta sin, rinne lucht na Rannóige Caomhnaithe sampláil ar dhéantúsáin nó d'éascaigh siad sampláil a dhéanamh ar dhéantúsáin cosúil le bachalla, omhnaí, hanlaí uirlisí agus taisí daonna i gcomhair dátú C14 agus sainaithint adhmaid.

**Obair allamuigh**
Bhain sé seo den chuid is mó le hiniúchadh a rinneadh ar ábhar seandálaíochta nó le hiad a aisghabháil ó chomhthéacsanna éagsúla, go háirithe neart déantúsán ó ré na meánaoise a aisghabh tumadóirí ón tSionainn chomh maith le turais chun tochailtí beaga a dhéanamh. Ghlac baill foirne Chaomhnaithe páirt ghníomhach freisin in iniúchadh a dhéanamh ar iarsmalanna áitiúla agus contae (An Cabhán, an Dún, Muineachán, Fear Manach, Músaem Poiblí Chorcaí, Músaem Ime Chorcaí, Ionad Cuairteoirí Ráth Cruachan) agus áitribh agus saoráidí seandálaíochta tráchtála (IAC, Caisleán Ráth Fearnáin, Courtney Deery, ABH, Fin O'Carroll). Tugadh cuairt ar Chartlann Hereford chomh maith chun breathnú ar an gcaoi a ndéantar aerchóiriú na bhfoirgneamh stórais ann.

**Taighde, Comhar, Rannpháirtíocht & For-rochtain**
Tá baill foirne ón Rannóg Caomhnaithe fós i mbun roinnt modúl a theagasc don Mháistir sa Staidéar Músaemeolaíochta i COC agus don tsraith*Cuir Eolas ar d'Iarsmalann* de chuid AMÉ. Chomh maith le bheith ina mbaill de roinnt fochoistí AMÉ (Sláinte agus Sábháilteacht, Fóram na Foirne, Éagsúlacht agus Comhionannas) chuir baill foirne turais i láthair freisin thart ar na

saotharlanna Caomhnaithe do bhaill foirne AMÉ agus do lucht institiúidí cultúrtha agus taighde eile. Ó thaobh plé leis na meáin de, rinneadh socruithe i gcomhair déantúsáin a iompar agus a láimhseáil go sábháilte don *Late Late Show* agus do chlár faisnéise faoi Mhicheál Ó Coileáin. Ghlac baill foirne na Rannóige Caomhnaithe páirt ghníomhach i neart cúrsaí oiliúna FGL, comhdhálacha agus seimineáir ar líne (*Oiliúint i bPlaistigh a Shainaithint*, ar líne agus praiticiúil araon*; Glanadh Einsíme a Dhéanamh ar Dhromchlaí* Maisiúla, srl.). Ó thaobh comhoibrithe de, glacadh páirt sa Mheitheal Chaomhnaithe de chuid Cumann Náisiúnta na nInstitiúidí Cultúrtha (CNIC), ag tabhairt comhairle d'institiúidí cultúrtha, do thaighdeoirí, don phobal i gcoitinne, srl., chomh maith le cuidiú le hÁras Nua-Ealaíne na hÉireann (IMMA) agus le Músaem Ime Chorcaí i bhfoirm saothair ealaíne agus déantúsáin a reo.

**Clárú**

Caitheann lucht na rannóige Clárúcháin a ndúthracht le caighdeáin bainistithe bailiúcháin a fhorbairt agus a choinneáil ar mhaithe le heolas faoi bhailiúcháin a choimeád slán. Is éard atá i gceist leis seo ná tús áite a thabhairt d'fhorbairt nósanna imeachta agus rialú suímh, lóistíocht bhailiúcháin, iasachtaí, tacaíocht taispeántais, agus bainistíocht siopaí a chinntiú, chomh maith le rochtain ar fhaisnéis a thabhairt do thaighdeoirí, turais ar chúl an stáitse a reáchtáil, réada agus ábhair chartlainne a dhigitiú, bailiúcháin tosaíochta a réiteach do chéim na catalógaithe agus feabhas a chur go córasach ar shonraí agus ar fheidhmiúlacht i mbunachair bainistithe sonraí le haghaidh bailiúcháin éagsúla.

**Fardal**

In 2022, chaith lucht na Rannóige Clárúcháin cuid mhaith dá ndúthracht ar ullmhú do thionscadail forbartha caipitil atá ar na bacáin i nDún Uí Choileáin, Músaem Stair an Dúlra, Músaem Sheaniarsmaí na hÉireann agus san Ionad Acmhainní do Bhailiúcháin (IAB) nua agus sa siopa nua ag Teach Pháirc Thurlaigh. Chuir an fhoireann Clárúcháin tús le roinnt tionscadal i mbliana, lena n-áirítear bainistiú fardal bailiúchán a stóráiltear san uaimh i Sráid Chill Dara, fardal de bhailiúchán mianraí de chuid COBÁC ag IAB, chomh maith le fardal moneolaíochta a chríochnú agus leanúint leo le fardal a dhéanamh ar ghiuirléidí míleata i nDún Uí Choileáin. Cuireadh tús le heochrú clár iardhearcach chun gach bunfhaisnéis ceannacháin faoi réada sa bhailiúchán buan a thaifeadadh.

**Tionscadail Aistrithe**

Cuireadh tús leis na Bailiúcháin Ionstraimí Eolaíochta agus Criadóireachta a aistriú ó Dhún Uí Choileáin go dtí an IAB i mí Dheireadh Fómhair d'fhonn an bealach a réiteach do ghailearaithe Stair na hÉireann san 21ú haois agus do bhailiúchán na lárleabharlainne agus na cartlainne a athlonnú go dtí an IAB. Ar mhaithe le tacú leis an Stiúrthóir Oibríochtaí, rinne an Cláraitheoir comhordú ar shuirbhé ar an láthair a bhí á dhéanamh ag comhairleoir lóistíochta ar gach láthair AMÉ. Fostaíodh an duine seo chun bonn eolais a chur faoin tuarascáil mheasúnaithe straitéisigh nach foláir a fháil chun maoiniú a fháil do IAB nua faoin gcód caiteachais phoiblí.

**Ionad Acmhainní do Bhailiúcháin (IAB)**

Idir an dá linn, leanadh le plean ceithre bliana a chur i ngníomh chun cur le hacmhainneacht san Ionad Acmhainní do Bhailiúcháin (IAB). Coimisiúnaíodh stóras nua adhmaid, ag baint trialach as cur chuige éighníomhach i leith a thimpeallacht a bhainistiú. Cuireadh stóras nua taisí daonna ar bun chomh maith agus cuireadh seilfeanna breise isteach sa limistéar stórála ina bhfuil bailiúcháin na n-ealaíon maisiúil agus staire curtha i dtaisce. Leanadh le plean a cheapadh d'fheistiú Céim 2 Stair an Dúlra agus stóras ar bheagán bogthaise.

**Cáipéisíocht**

Ag an am céanna a bhí aistriú agus Fardal ar siúl, leanadh le doiciméadú ar gach bailiúchán AMÉ. Rinne an Fhoireann Clárúcháin athbhreithniú agus forbairt ar shraith de chaighdeáin agus de phrótacail chatalógaithe, chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar phríomhdhoiciméid dhlíthiúla chun tacú le ceannachán agus le cur ar taispeántas. Chuir cuid mhaith den obair seo leis an iarracht a bhí ar bun chun creidiúnú iomlán a bhaint amach don AMÉ faoin gClár um Chaighdeáin Músaem in Éirinn agus cuirfidh sé bonn faoi agus beidh sé mar thaca do na gnéithe taighde, léirmhíniú agus ar líne a bhaineann leas as bailiúcháin do thaispeántais AMÉ. Díríonn an obair seo ar chloí le híoschaighdeáin i leith bailiúcháin a

bhainistiú agus a choinneáil ar mhaithe le sláine faisnéise, lóistíochta, stórála agus cúraim bailiúchán a chinntiú.
Mar chuid den obair is tábhachtaí a bhíonn ar siúl ag an Rannóg Clárúcháin, dhírigh lucht Doiciméadaithe Stair an Dúlra ar riaráiste nuashonraithe suímh a réiteach sa IAB fad is a leanadh le bailiúcháin a aistriú isteach ó Shráid Mhuirfean. Dhírigh lucht Doiciméadaithe Seaniarsmaí Éireannacha ar shlacht a chur ar shonraí tochailte d'fhonn iad a chur isteach in Access. Dhírigh lucht Dhoiciméadú na nEalaíon agus an Tionscail ar iasachtaí agus réitigh siad roinnt iasachtaí a bhí ann le fada chomh maith le hiasachtaí idirnáisiúnta a phróiseáil a bhí le cur ar ais chuig an AMÉ le linn na dianghlasála. Ba dhual don fhoireann Doiciméadaithe 16 iasacht in aghaidh na míosa a phróiseáil ar an meán agus d'éirigh leo gach iasacht a fháil ar ais go slán sábháilte.

Bhí an Fhoireann Chlárúcháin i gceannas ar chreat-chomhaontú a cheapadh chun tochailtí oidhreachta agus seirbhísí digitithe a phróiseáil le húsáid thar dhá phríomhthionscadal AMÉ a thacaíonn le hobair comhghleacaithe i Rannóg Sheaniarsmaí na hÉireann agus i gcomhréir le comhghleacaithe ó Rannóg Sheaniarsmaí na hÉireann, rinne lucht TFC agus grianghrafadóireachta tionscadal digitithe a phleanáil de chláir bhunaidh i gcomhréir le riachtanais reachtúla.

**Córais Bhainistíochta Bailiúchán (CBB)**
D'oibrigh foireann an Chórais Bhainistíochta Bailiúchán ar roinnt tionscadal in éineacht le comhghleacaithe AMÉ, lena n-áirítear lucht Caomhnaithe, Grianghrafadóireachta, agus an Cláraitheoir chun roinnt próiseas a dhigitiú agus gníomhaíochtaí a thaifeadadh in Axiell, lena n-áirítear bainistiú cáipéisíochta grianghrafadóireachta, iompar agus cóireálacha caomhnaithe sa chatalóg, fad is a chuir siad feabhas ar thaifead ná réada agus d'éascaigh siad roinnt faisnéise ar fud AMÉ. Lean baill foirne Dhoiciméadaithe orthu freisin i mbun oiliúint Adlib agus meantóireacht a chur ar fáil do chomhghleacaithe ar fud na rannóg agus chuir baill foirne agus Axiell roinnt ceardlann oiliúna ar líne i láthair. Tugadh faoi roinnt céimeanna deireanacha den uasghrádú a bhí á dhéanamh ar an gcóras bainistíochta bailiúchán Adlib, agus aird á tabhairt ar an gcóras a uasghrádú agus ar na sonraí a bheith ar ardchaighdeán agus i gcomhréir le chéile.

**Leabharlann agus Cartlann**
Lean an Cartlannaí agus an Leabharlannaí orthu i mbun seirbhís taighde a sholáthar d'fhoireann AMÉ, lena n-áirítear orduithe leabhar, ceannacháin chartlainne agus leabharlainne. Rinne an Leabharlannaí athnuachan ar shíntiúis irisleabhair/ ar bhallraíochtaí agus ar iasachtaí Idirleabharlainne. Le cabhair ó lucht Caomhnaithe, thug an Leabharlannaí faoi threoirthionscadal chun feabhas a chur ar stóras leabharlainne ar Shráid Chill Dara. Rinne Dr Orla Fitzpatrick comhchoimeádaíocht in éineacht le Brenda Malone ar an taispeántas Ag Íomháú Coimhlinte a d'oscail i mí na Samhna 2022. Reáchtáladh an taispeántas seo i bpáirt le Músaem Grianghraif na hÉireann.

Thug baill foirne Chlárúcháin cainteanna in áiteanna éagsúla amhail comhdhálacha, ollscoileanna agus institiúidí cultúrtha eile, fad is a chuir siad oiliúint ar fáil, reáchtáil siad ceardlanna agus d'fhreastail siad ar sheisiúin oiliúna i réimse ábhar a bhain leas as cur chuige cumaisc d'fhoghlaim i bpearsa agus ar líne.

Ghlac baill den fhoireann Clárúcháin páirt ghníomhach i nGrúpa Chláraitheoirí na hÉireann (GCÉ) a athbhunú fad is a rinne an Cláraitheoir Cathaoirleacht ar an bhFoghrúpa GCÉ maidir le Tionscadail Chaipitil agus Stóráil.

**Dearadh & Grianghrafadóireacht**

I mí na Bealtaine 2022, tháinig an Rannóg Dearaidh agus an Rannóg Grianghrafadóireachta le chéile chun Rannóg Cruthaitheachta nua a chruthú. Tá sceitimíní ar mhórán daoine faoin gcumasc seo agus é i gceist leis cuíchóiriú a dhéanamh ar sheirbhísí Grafaice agus Grianghrafadóireachta ar fud gach ceann de na ceithre láthair san Ard-Mhúsaem. Cruthaíodh struchtúr tuairiscithe nua freisin, rud a réitíonn an bealach do dhaoine dul chun cinn gairmiúil a dhéanamh amach anseo. Táimid tar éis grianghrafadóir a fhostú ar chonradh trí bliana freisin, rud a chuirfidh ar ár gcumas fáil réidh le cuid den riaráiste mór atá carntha le blianta beaga anuas. D'oibrigh an fhoireann deartha ón mbaile go príomha mar gheall ar shrianta Covid-19, ach mar sin féin baineadh clár iomlán oibre amach.

**Taispeántais**

'FOLK 21', Páirc Thurlaigh – *grafaicí don taispeántas*

'Mionsamhail i Lego de Ghleann Dá Loch sa Mheánaois', Sráid Chill Dara - *grafaicí i stíl oiriúnach do thaispeántas*

'Amlíne Ghleann Dá Loch 500 – 1500AD arna léiriú trí dhéantáin', Sráid Chill Dara - *amlíne ghrafach i bhformáid mhór don aoisghrúpa 9-14 bliana d'aois*

'Portráid de Náisiún: Ealaín, Polaitíocht agus an Conradh Angla-Éireannach - *grafaicí don chomhdháil agus dearadh an chláir*.

**Dearadh Priontála agus Gréasáin**

Imeachtaí an Gheimhridh, Oideachas, Sráid Chill Dara – *dearadh póstaeir*

Lá spraoi teaghlaigh na Nollag, Oideachas, Dún Uí Choileáin – *grafaicí bolscaireachta*

Nótaí le haghaidh Stair Ealaíne na hArdteiste (Cré-umha), Sráid Chill Dara – *dearadh agus leagan amach*

*Fógraíocht chlóite do '*Stiúideo & Stát: Muintir Lavery agus an Conradh Angla-Éireannach' agus 'Gleann Dá Loch; Turas, Arnaí agus Neart', an Roinn Margaíochta

*Grafaicí do bhosca síntiúis* suíomhoiriúnaithe, Láthair Mhiondíola

'Caighdeán maidir le haire a thabhairt do réada seandálaíochta ó thochailtí', Rannóg Sheaniarsmaí na hÉireann – *dearadh agus leagan amach foilsitheoireachta*

**Tacaíocht foilseacháin / láithreáin seandálaíochta IAD:**

Cluain Catha, Contae Dhún na nGall (bonnchlónna/traschlónna faoi thalamh de láithreán adhlactha Ciste) do B. Mulhall.

Ceathrú an Gharraí, Contae Shligigh (bonnchlónna / traschlónna os cionn talún / traschlónna faoi thalamh d'uaigh mheánaoiseach atá líneáilte le leac) do M.Seaver.

Tarraingíodh léarscáileanna de Mheiriceá Thuaidh agus den Artach do na bailiúcháin Eitneagrafacha de chuid AMÉ atá le foilsiú go luath. Táthar ag súil go bhfoilseofar é seo sa bhliain 2023.

**Bonnchlónna Seandálaíochta, léarscáileanna agus líníochtaí de láithreáin**

Rinneadh iarratais ar íomhánna ón gcartlann agus cuireadh ar fáil d'fhoilseacháin iad. Rinneadh scanadh ar íomhánna le haghaidh taifid roinne agus le haghaidh taispeántais amach anseo (m.sh. líníochtaí **Dhánlann na mBád**, Páirc Thurlaigh. Rinneadh cairt eagrúcháin fhoireann an mhúsaeim a nuashonrú agus a chothabháil i rith na bliana mar thacaíocht do thaifid an mhúsaeim agus do chruinnithe gnó.
Rinneadh cartlann líníochtaí agus cartlann ábhair dhigitigh na Rannóige Deartha a chothabháil i rith na bliana.

**Cairt Eagrúcháin Fhoireann AMÉ**
Rinneadh cairt eagrúcháin fhoireann AMÉ a nuashonrú agus a chothabháil i rith na bliana mar thacaíocht do thaifid an mhúsaeim agus do chruinnithe gnó.

**Léaráid**
Sraith líníochtaí agus léaráidí dúigh / Bioráin Airgid/ do M. Seaver (le foilsiú / Rannóg Sheaniarsmaí na hÉireann). Sraith líníochtaí de dhá Chorp Portaigh (do thaifead inmheánach AMÉ).

**Soláthar**
Fuarthas printéir leathan **(imagePROGRAF PRO-4100**) don Stiúideo Dearaidh agus fuarthas é le cabhair ón roinn TFC, agus cuirfidh sé ar ár gcumas ábhar suas le 44in ar leithead a phriontáil. Fuarthas trealamh nua grianghrafadóireachta freisin d'fhonn an tseirbhís grianghrafadóireachta a leathnú amach chuig Rannóga/Rannáin éagsúla an Mhúsaeim.

**Grianghrafadóireacht:**
Tá roinnt grianghraf de réada éagsúla tógtha ag foireann rannóg na grianghrafadóireachta ó thosaigh siad i mí Dheireadh Fómhair 2022. Bhí na rudaí sin déanta as ábhair éagsúla - réada ceirmeacha agus réada déanta as páipéar, gloine, adhmad, cloch, miotal, ór agus seoda. Tógadh grianghraf díobh seo ar an láthair i stiúideonna i rannóg na nEalaíon Maisiúil & Staire, Dún Uí Choileáin agus i rannóg na Seandálaíochta, Sráid Chill Dara. Bhí réada idir bheag agus mhór ann, ó bheach bheag bhídeach a bhí 5 mhilliméadar ar fad go dtí bád loig ollmhór na Lorgan a bhí 14 mhéadar ar fad.

**Íomháú Digiteach**
D'éirigh leo freastal ar 540 iarratas. 5,644 íomhá a ullmhú agus a dháileadh a bhí i gceist leis sin. Bhí os cionn 300 íomhá fhéideartha don taispeántas *Ag Íomháú Coimhlinte* ina measc, agus os cionn 100 íomhá eile a bhí mar chuid den ábhar a chuir AMÉ ar fáil do *Digital Benin*.

Cruthaíodh 1,517 íomhá nua ag 95 seisiún grianghrafadóireachta, rinneadh iad a athbhreithniú, a eagrú, a chur in eagar i dtaca le caighdeán na n-íomhánna agus na n-ábhar meiteashonraí, agus cuireadh i dtaisce iad i gCartlann Dhigiteach Rannóg na Grianghrafadóireachta agus in CBSD. Bhí os cionn 100 íomhá den Chatalóg Maisithe de Sheoda Yuen-ming-yuen, os cionn 150 íomhá de leabhair bheannaithe ó Mhaenmar, agus grianghraif nua de vása Chnoc an Fhuaráin i measc na mbuaicphointí. Cuireadh oiliúint in oibriú an CBSD ar 13 úsáideoir nua.

**Cúrsaí Oiliúna**

D'fhreastail an fhoireann deartha agus grianghrafadóireachta ar roinnt mhaith Seimineár, seimineáir ghréasáin, ceardlanna oiliúna agus ceardlanna pleanála straitéisí lena n-áirítear: Músaeim Inbhuanaithe - Athmhachnamh ar Dhearadh Taispeántais le Ruza Leko (ó Stiúideo Dearaidh Suss), agus Cruinniú Mullaigh faoi Bhailiúcháin Dhigiteacha de chuid Museum Next *BSD agus Músaeim - Bainistíocht Bailiúchán Oidhreachta, 2022, Cruinniú Mullaigh faoi Bhailiúcháin Dhigiteacha, Comhdháil IPTC 2022 faoi Mheiteashonraí Grianghraf, Oidhreacht Chultúrtha do Chách.* D'fhreastail ball den Ghrúpa Digitithe & Catalógaithe de chuid Chomhairle na bhForas Cultúrtha Náisiúnta ar Sheimineár dá chuid dar teideal *Increasing Access and Discoverability* ag Leabharlann Chester Beatty, agus chuidigh an ball sin ann, Feasacht ar Mhíchumas le Stephen Kelly, Cúrsa Idirghníomhach faoi Phleanáil le haghaidh Dul ar Scor, ceardlanna Pleanála Straitéisí de chuid AMÉ le Gerri Moriarty, oiliúint i measúnú riosca, oiliúint i gCibearshlándáil (TF).

**Oideachas agus Foghlaim**

Aithníonn Ard-Mhúsaem na hÉireann (AMÉ) go bhfuil an t-oideachas tábhachtach d'fhoireann na heagraíochta ar fad, rud atá bunúsach dár ról agus dár gcuspóir, agus tá foireann againn a dhíríonn ar lena sheachadadh ar fud na gceithre láithreán.

Baineann rannóg an oideachais úsáid as modhanna éagsúla chun oideachas a sheachadadh amhail oideachas foirmiúil (go pearsanta agus ar líne), cláir phoiblí (lena n-áirítear cuairteanna & imeachtaí), tionscnaimh rannpháirtíochta pobail atá spriocdhírithe agus tionscadail aonuaire. Sheol an Músaem an foilseachán *Pathways to Participation* i mí Iúil 2022. Is doiciméad tábhachtach é seo ina ndéantar taifead agus smaoineamh siar ar chlár Rannpháirtíochta agus Foghlama an Mhúsaeim le linn Dheich mBliana na gCuimhneachán, agus ina léiríonn príomhscríbhneoirí ó chúlraí éagsúla obair na foirne oideachais, go háirithe ó 2012 go 2019.

Chomh maith leis sin, d'fhorbair an fhoireann oideachais córais chun sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla bunaithe ar an bpobal a thaifeadadh agus a anailísiú d'fhonn rianú agus measúnú a dhéanamh ar an mbealach is éifeachtaí le haghaidh na sonraí sin a bhailiú agus a anailísiú.

**Oideachas Foirmiúil**

**AMÉ-Seandálaíocht**: Lean an fhoireann ar aghaidh le seisiúin ar líne agus ar an láthair a reáchtáil do scoileanna. Rinneadh cuairteanna nua chuig an mbailiúchán láimhseála a fhorbairt agus a chur ar bun le cabhair ón bPainéal nua Saoroibrithe. Cuairteanna treoraithe ar an láthair do dhaltaí Ealaíne na hArdteiste agus Cuairteanna chuig an taispeántas Turais na Lochlannach do dhaltaí bunscoile a bhí sna cuairteanna seo.

**AMÉ-Stair an Dúlra**: Cuireadh béim ar imeachtaí ar líne ag an am bhí an músaem dúnta agus ag an am nach raibh cead isteach ach ag líon beag daoine. Reáchtáladh 47 seisiún do 1,000 dalta sa tréimhse sin. Le linn théarma an fhómhair, bhuail agus labhair an fhoireann le cuairteoirí ar an láthair ag Caibinéad na nIontas, áit ar bhain siad úsáid as na hacmhainní ar líne a forbraíodh le linn na paindéime mar chuid den phróiseas seo.

**AMÉ – na hEalaíona Maisiúla agus Stair:** D'oibrigh an fhoireann le Mahoo Productions ar '*Bonnets, Bandoliers and Ballot Papers*', acmhainn foghlama ar líne agus turas fíorúil ina ndearnadh iniúchadh ar róil athraitheacha na mban ag tús an 20ú hAois in Éirinn trí úsáid a bhaint as déantáin thábhachta ó bhailiúcháin an Mhúsaeim. Baineadh an-tairbhe as teagmháil le PDST (an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí) maidir le Stair, agus maidir le Polaitíocht agus an tSochaí chun a chinntiú go bhfuil an t-ábhar spriocdhírithe agus ábhartha.

**AMÉ-Saol na Tuaithe:** Reáchtáladh clár dar teideal *What's the Scéal* i gcomhar le hÉigse Éireann agus bhí sé ar cheann de bhuaicphointí na bliana. D'fhreastail os cionn 650 mac léinn as gach cearn den tír ar imeachtaí le seisear de phríomhscéalaithe na hÉireann chun scéalta bunaithe ar réada inár mbailiúcháin a chloisteáil. Mar chuid de Mheabhrán Tuisceana le Foras Ailtireachta na hÉireann, d'óstáil AMÉ-Saol na Tuaithe an Taispeántas

Ailtirí i Scoileanna i mí na Bealtaine. Taispeántas a bhí ann d'obair na mac léinn mar fhreagairt ar théamaí i mbailiúcháin AMÉ-Saol na Tuaithe a ndearnadh iniúchadh orthu, lena n-áirítear an Pobal, an Baile agus an Inbhuanaitheacht.

**Clár Poiblí**

**AMÉ-Seandálaíocht:** Tharla rudaí tábhachtacha lena n-áirítear na comhpháirtíochtaí eolaíochta agus seandálaíochta a forbraíodh le seandálaithe de chuid Bhonneagar Iompair Éireann, agus an fhoireann ag déanamh obair for-rochtana ag Lá Teaghlaigh Lochlannach Bhaile na Coille i bPort Láirge le linn Sheachtain na hOidhreachta agus ag Comhpháirtíocht Fhéile Eolaíochta Lár Tíre i dTulach Mhór le linn Sheachtain na hEolaíochta.

**AMÉ-Stair an Dúlra:** Bhí Lá Oscailte againn i gcomhar le SGÉ ag an taispeántas Down to Earth i mí na Bealtaine 2022. Bhí plódú sna gailearaithe nuair a bhí an músaem oscailte arís, agus dá bharr sin níorbh fhéidir linn cuairteanna poiblí a reáchtáil, ach bhí an-tóir ar na tob-chainteanna ag Caibinéad na nIontas fós. Reáchtáladh roinnt imeachtaí ar líne freisin, bhí an-tóir ar an 'Rockin Reindeer' ar líne agus ar imeacht eile ar an láthair le healaíontóirí de chuid ReCreate.

**AMÉ – na hEalaíona Maisiúla agus Stair:** D'oibrigh an fhoireann i gcomhar le hoideachasóirí ó Ghailearaí Hugh Lane agus, i mí Aibreáin, chomhreáchtáil siad comhdháil mhór dar teideal *Portráid de Náisiún: Ealaín, Polaitíocht agus an Conradh Angla-Éireannach.* D'fhreastail daoine ar an gcomhdháil ar an láthair agus rinneadh í a bheoshruthú. Bhí níos mó ná 500 duine san iomlán sa lucht freastail carnach. Reáchtáladh clár cainteanna ar líne freisin, lena n-áirítear cainteanna don Fhéile 'Outing the Past' agus níos déanaí sa bhliain, nuair a bhí daoine sásta freastal ar imeachtaí ar an láthair arís, reáchtáladh cláir éagsúla don Fhéile 'Open House', don chuairt 'Eat the Streets' agus d'Fhéile 'Bram Stoker'.

**AMÉ-Saol na Tuaithe:** Bíonn an-tóir ar na himeachtaí 'Calendar Customs' i gcónaí agus chuir 3,600 cuairteoir ticéid in áirithe dár nImeachtaí Oíche Shamhna tríd an gcóras ticéadaithe ar líne. Ghlac níos mó ná 2,500 duine páirt in imeachtaí éagsúla, idir imeachtaí sna gairdíní agus sna coillte agus imeachtaí ar an láthair faoi threoir ball den Phainéal Saor-Threoraithe. Bhí 'Tóraíocht na bPuimcíní', 'Tóraíocht Oíche Shamhna na Réada Gránna' agus an tsiúlóid 'Dúlra an Fhómhair' i measc na n-imeachtaí sin.

**Rannpháirtíocht sa Phobal**

**AMÉ-Seandálaíocht:** Bhí roinnt imeachtaí ar siúl ag an deireadh seachtaine le linn Sheachtain na hEolaíochta agus iad bunaithe ar thionscadal i gcomhar le Fóram Oidhreachta Ghleann Dá Loch, le Scoil Seandálaíochta COBÁC, agus le hOifigeach Oidhreachta Chill Mhantáin. Áiríodh leis seo, taispeántais de shaothair a chruthaigh teaghlaigh i leabharlanna i gContae Chill Mhantáin i rith an tsamhraidh agus de shaothair a chruthaigh dídeanaithe ag an músaem. Maireann na dídeanaithe seo in Ionad Soláthair Dhírigh ag Ionad Fáiltithe Náisiúnta Bhaile Seiscinn. Chomhaontaigh AMÉ-Seandálaíocht agus an Jesuit Refugee Service clár oibre dóibh siúd a mhaireann in ionaid Sholáthair Dhírigh agus tá tús curtha leis

an gclár seo cheana, cuireadh tús le cuairteanna agus le ceardlanna ar an láthair san fhómhar.

**AMÉ-Stair an Dúlra:** Cuireadh tús le hacmhainní ar an láthair a aistriú go hÚcráinis. Chomh maith leis sin, tá an rannóg ag obair i gcomhar le Scoil Oideachais Speisialta OCBÁC ar ghluais nua ETIM do TCÉ atá á forbairt i gcomhar le Pobal na mBodhar ionas gur féidir é a úsáid le hacmhainní físe an mhúsaeim. D'oibríomar freisin i gcomhar le Coláiste Náisiúnta na hÉireann mar chuid dá dTionscnamh Luathfhoghlama, Clár Léitheoireachta 'Zoom Ahead', lena gcuirtear acmhainní ar líne, pacáistí léitheoireachta agus seisiún ar fáil do 20 teaghlach as ceantar na lárchathrach thuaidh.

**AMÉ – na hEalaíona Maisiúla agus Stair:** Seoladh suiteán neoin *'We make our own histories',* agus bhí sé seo i measc buaicphointí na bliana. Is saothar ealaíne é a cruthaíodh mar thoradh ar cheardlanna le Anthony Haughey, Ealaíontóir Cónaithe Dheich mBliana na gCuimhneachán de chuid AMÉ, agus le daoine óga ón bpobal thart ar Dhún Uí Choileáin agus le grúpa níos lú daoine óga as Maigh Eo. Thug grúpa ealaíontóirí as an Ísiltír*,* Stoereloer, cuairt ar Dhún Uí Choileáin i mí na Bealtaine chun ceardlann a éascú do dhaoine óga na háite mar chuid de cheiliúradh dóibh siúd a bhí páirteach i dtionscadal na *dTithe Beaga* toisc nárbh fhéidir leo freastal ar an gcéad seoladh mar gheall ar shrianta Covid, bhí Ambasadóir na hÍsiltíre i láthair freisin. Reáchtáladh féile sa phobal áitiúil chun ceiliúradh a dhéanamh ar ilchultúrachas sa phobal agus d'éascaigh an fhoireann an obair seo. Bhí comhoibriú le Grúpa Gníomhaíochta áitiúil Leanaí agus Óige i gceist leis an imeacht seo inar léiríodh níos mó ná 20 cultúr éagsúil trí bhia, damhsa agus ceol, agus ghlac níos mó ná 300 duine áitiúil de gach aois páirt sa cheiliúradh.

D'óstáil **AMÉ-Saol na Tuaithe** réimse imeachtaí speisialta Rannpháirtíochta Pobail chun freastal ar ghrúpaí áitiúla Úcránacha sa cheantar.
Tugadh réada áirithe as an mbailiúchán láimhseála ar iasacht don tionscadal *'*Músaem na nÉan agus na nAinmhithe*'* in iarthar Chorcaí. Rinneadh é seo mar chuid dá misean chun 'dul i dteagmháil le daoine aosta in Ospidéil Phobail in Iarthar Chorcaí'.

D'fhorbair an fhoireann oideachais córais chun sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla a bhí bunaithe ar an lucht freastail a thaifeadadh agus a anailísiú d'fhonn rianú agus measúnú a dhéanamh ar an mbealach is éifeachtúla le haghaidh na sonraí sin a bhailiú agus a anailísiú.

**Gréasán Cartlainne Pobail na hÉireann (iCAN)**
Chomhaontaigh AMÉ agus an Chomhairle Oidhreachta go dtacóidís leis an tionscnamh seo i gcomhar le chéile trí Mheabhrán Tuisceana (2023 – 2028). Éascóidh an chomhpháirtíocht straitéiseach seo fás agus forbairt iCAN, rud a chuirfidh acmhainní breise ar fáil do phobail rannpháirteacha. Tháinig seacht ngrúpa nua isteach sa Ghréasán agus cuireadh tús leis an obair ar thairseach Oidhreacht Chorcaí. Bhí comhdháil idirnáisiúnta 3 lá um Chartlannú Pobail in OG, agus comhfhiontair le OTA, le hInstitiúid Seandálaithe na hÉireann agus le Líonra Stair Bhéil na hÉireann i measc na mbuaicphointí.

**Pobal na n-imeachtaí agus sonraí imeachta/acmhainní**

Baineann na sonraí thíos le himeachtaí ar líne agus le himeachtaí ar an láthair a d’eagraigh an fhoireann Oideachais sa bhliain 2022. Bhí tionchar ag treoirlínte athraitheacha sláinte poiblí agus ag riachtanais athraitheacha phobal na n-imeachtaí ar fhreastal ar imeachtaí ar an láthair agus ar sceidealú imeachtaí ar líne. Bhí Stair an Dúlra dúnta ó mhí Eanáir go deireadh mí Iúil agus bhí tionchar aige seo ar shonraí.

**Airgeadas**

Is é seo a leanas leithdháileadh 2022 a fuarthas ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán:

| | | € |
|---|---|---|
| o | Pá & pinsin | 9,988,000 |
| o | Neamhphá | 5,727,000 |
| o | Caipiteal | 1,308,000 |
| | Iomlán | **€17,023,000** |

Bhronn an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán suimeanna de **€3,120,737** san iomlán orainn i rith na bliana 2022 le haghaidh cuspóirí ar leith. Rinneadh caiteachas sócmhainní seasta **€62,127** a chaipitliú.

Lean an tAonad Airgeadais le cúnamh agus tacaíocht a chur ar fáil do Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca an Bhoird maidir lena fheidhmeanna iniúchóireachta a chomhlíonadh.

**Ráitis Airgeadais 2022**
D'ullmhaigh an tAonad na Ráitis Airgeadais don bhliain 2022 agus an comhad iniúchta a ghabhann leo ag tús na bliana 2023. Rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar na ráitis airgeadais don bhliain 2022 i mí Aibreáin 2023. Ullmhaíodh cuntais AMÉ i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2022 de réir cheanglas Alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997 agus tá siad san áireamh sa tuarascáil seo. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 de réir FRS 102 an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais, arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann. Ullmhaíodh Ráitis Airgeadais 2022 i gcomhréir le ceanglais tuairiscithe an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

**Soláthar**
Tá an tAonad freagrach as bainistiú a dhéanamh ar an bpróiseas soláthair maidir le gach ceannachán a fuarthas sa tír seo agus ón AE. Chuige sin, tá AMÉ ag cur le saineolas inmheánach i réimse an tsoláthair agus rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar nósanna imeachta agus beartais struchtúrtha sa bhliain 2022. Cheap AMÉ Oifigeach Soláthair sa bhliain 2022.

Bíonn an tAonad i gcónaí ag iarraidh oibríochtaí a dhéanamh níos éifeachtaí, baineann siad leas as teicneolaíochtaí nua nuair a bhíonn an t-airgead acu agus cuireann siad moltaí ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ón Iniúchóir Inmheánach i bhfeidhm, chun sláine an Aonaid agus a fheidhm a chinntiú.

Déantar pleananna gnó a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar bhonn bliantúil, agus déantar monatóireacht rialta ar an teacht isteach agus ar na costais ar fad i rith na bliana.

**Acmhainní Daonna**

Ba bhliain shuimiúil í 2022 d'fhoireann agus do bhainisteoirí AMÉ. Ba í seo an chéad bhliain iomlán tar éis Covid 19 agus bhí tionchair na bprótacal éagsúil um shláinte phoiblí san ionad oibre le feiceáil fós in áiteanna ach ní raibh siad le feiceáil in áiteanna eile.

Bhain castachtaí leis an bhfoireann ar fad a thabhairt ar ais chuig an áit oibre, bhí sé dúshlánach ó thaobh oibríochtaí de agus bhí orainn déileáil le gnéithe daonna agus mothúchánacha freisin. Chuir géarchéim sláinte poiblí Covid-19 as d'fhostaithe éagsúla ar bhealaí éagsúla, rinne AMÉ a dhícheall tacaíocht agus cúnamh a thabhairt dóibh agus iad ag aistriú ar ais chuig an áit oibre agus ag an am céanna bhí ar AMÉ déileáil le dúshláin laethúla Acmhainní Daonna sa 'saol oibre' iar-phaindéime. Áirítear orthu sin an chothromaíocht is fearr a aimsiú idir obair ón mbaile agus obair ar an láthair, déileáil leis na ganntanais scileanna atá ag dul i méid i sainréimsí, streachailt chun poist bhunleibhéil a líonadh agus ag an am céanna seirbhísí laethúla a chur ar fáil agus tacú le forbairtí uaillmhianacha caipitil agus forbairtí straitéiseacha.

Cuireann an tAonad Acmhainní Daonna an réimse iomlán seirbhísí Acmhainní Daonna ar fáil lena n-áirítear earcaíocht, riar pá foirne agus téarmaí agus coinníollacha eile, seirbhísí caidrimh fostaithe agus seirbhísí pinsin. Chomh maith leis sin, tá Acmhainní Daonna freagrach as beartais Acmhainní Daonna agus tionscnaimh um bainistiú daoine a fhorbairt, agus as cláir foghlama agus forbartha a chur ar fáil agus tá na rudaí seo mar chreat chun tacú le baill foirne agus bainisteoirí oibriú le chéile chun misean foriomlán agus forbairt straitéiseach leanúnach AMÉ a chur i gcrích. Bhain an gá le tacaíocht a thabhairt don fhoireann chun dul i ngleic le bealaí nua oibre, agus an gá le bheith aireach ar thionchar na paindéime ar shláinte agus ar fholláine na foirne le cúraimí an aonaid Acmhainní Daonna.

**Earcaíocht**

Foireann den scoth a earcú agus a choinneáil - ba iadsan ina bpríomhthosaíochtaí fós ag Acmhainní Daonna. Tháinig roinnt athruithe suntasacha ar an bhfoireann toisc gur roghnaigh cuid acu stíl mhaireachtála dhifriúil, agus toisc go raibh dearcthaí i leith taistil ag athrú srl.

Reáchtáil an tAonad Acmhainní Daonna 31 comórtas earcaíochta i rith na bliana chun poist a líonadh sna rannóga seo a leanas; Oideachas, Dearadh & Grianghrafadóireacht, Caomhnú, Acmhainní Daonna, Miondíol, Seaniarsmaí Éireannacha, Saol Tíre na hÉireann, Stair an Dúlra, Clárú, Áiseanna agus Clárú.

**Foghlaim & Forbairt**

Chomhordaigh Acmhainní Daonna foghlaim agus forbairt ar líne agus ar an láthair le linn na bliana 2022. Ghlac an fhoireann ar fad páirt i gClár cuimsitheach Oiliúna i bhFeasacht ar Mhíchumas agus cuireadh oiliúint i nDínit agus Meas ar bhaill foirne i rannóga áirithe.

D’oibrigh an tAonad go dlúth leis an bhfoireann go léir, chun freastal ar riachtanais foghlama agus forbartha an Mhúsaeim, agus chuige sin chuir siad 8 n-imeacht oiliúna ar fáil. Bhí oiliúint i mBainistíocht Áiseanna, i Soláthar, i nGarchabhair, in SharePoint agus in Oracle i measc na n-imeachtaí oiliúna seo Bhain seachtar ball foirne leas as an Scéim um Aisíocaíocht Táillí i gcomhréir le treoirlínte na Roinne Airgeadais.

Lorg AMÉ Tairiscint le haghaidh clár um fheabhsú Scileanna Forbartha agus Bainistíochta Ceannaireachta a chur ar fáil, clár a bheadh ar fáil don choiste bainistíochta ar dtús. Cuirtear béim láidir ar dhearadh agus ar sheachadadh cur chuige saincheaptha a thacaíonn le bainisteoirí ina riachtanais oibríochtúla agus straitéiseacha lena n-áirítear bainistíocht daoine agus forbairt foirne. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an oiliúint ag tús na bliana 2023. Cuireadh tús le líon beag próisis éascaithe um fhorbairt foirne agus le socrúcháin chóitseála/mheantóireachta do dhaoine aonair sa bhliain 2022 freisin.

**Sláinte agus Folláine.**

D’fhéadfadh táirgiúlacht, sonas agus rannpháirtíocht mhéadaithe a bheith mar thoradh ar fholláine a chothú i bhfostaithe. Tá roinnt eagraíochtaí ann a dteastaíonn uathu tacú lena gcuid fostaithe agus an lucht saothair a neartú. Cuireann na heagraíochtaí sin níos mó béime ar fholláine na laethanta seo. Sin é an fáth a mbíonn cultúr rathúil san ionad oibre mar thoradh ar fholláine dhearfach a bheith fite fuaite i ngnáthghníomhaíochtaí laethúla.

Rinne AMÉ athbhreithniú ar ár gconradh le Inspire Healthcare maidir le Clár/Seirbhísí Cúnaimh d'Fhostaithe (CCF) a sholáthar d’AMÉ. Is é Inspire Wellbeing atá i bhfeighil ar CCF agus cuireann siad líne thacaíochta saor in aisce agus faoi rún ar fáil, ar féidir rochtain a fháil uirthi 24/7, 365 lá sa bhliain. Bhain baill foirne AMÉ ó róil agus láithreacha éagsúla leas as 33 seisiún i rith na bliana.

Chomh maith leis an líne theileafóin, cuireann an Mol Tacaíochta de chuid Inspire réimse acmhainní ar líne ar fáil chun tacú le folláine na foirne. Choinnigh an Rannóg Acmhainní Daonna an fhoireann ar an eolas faoi imeachtaí agus feachtais leanúnacha m.ah. Lá Folláine san Ionad Oibre, Lá Idirnáisiúnta na Meabhairshláinte, Aireachas d'Fhir, Lá Idirnáisiúnta na mBan srl.

**Fóram Foirne agus Comhairle an Mhúsaeim**

Leanadh le hobair fhiúntach le Comhairle an Mhúsaeim, ar fóram é le haghaidh cúrsaí caidrimh thionsclaíoch agus cúrsaí caidrimh idir an lucht bainistíochta agus fostaithe a tharraingt anuas agus a phlé faoi stiúir Cathaoirleach Neamhspleách. Tháinig an Chomhairle le chéile 4 huaire i gcaitheamh na bliana.

Rinneadh tuilleadh forbartha ar chaidrimh i rith na bliana, agus oibríodh ar fhadhbanna amhail forbairt beartas agus tionscnaimh um chothromaíocht oibre is saoil le Ceardchumann Fórsa.

**Beartais agus Nósanna Imeachta Acmhainní Daonna**

Tá clár beartas agus nósanna imeachta ag an Aonad Acmhainní Daonna ar gá nuashonrú/forbairt a dhéanamh air agus leanadh le hobair air sin. Cuireadh tús le hobair ar phróiseas athbhreithnithe agus nuashonraithe do bheartais a bhaineann le Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (EDI). Rinne AMÉ conradh le Beo Consultancy (eagraíocht a dhíríonn go hiomlán ar an gcaidreamh idir fostóirí agus fostaithe agus ar acmhainní daonna) chun fóraim chomhairliúcháin foirne a éascú agus chun cur ar chumas fhoireann uile AMÉ páirt chothrom a ghlacadh sa chomhairliúchán seo. Tá go leor taithí agus eolas gairmiúil ag an eagraíocht 'Beo'; is iar-oifigeach comhionannais leis an mBinse Comhionannais (an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre anois) í an Príomhfheidhmeannach, Bernadette Treanor. Is iad Olivia Harrington agus Vivian Jackson an bheirt chleachtóirí shinsearacha. Feidhmíonn Olivia mar Ard-Abhcóide agus mar Cheannasaí Imscrúduithe agus tá taithí fhairsing dlí agus imscrúdaithe aici, go háirithe i réimse na fostaíochta. Tá breis is 20 bliain taithí ag Vivian mar Oifigeach Comhionannais agus Breithneoir ar an mBinse Comhionannais, agus ina dhiaidh sin, leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre. Táimid ag tnúth leis an obair seo a chur chun cinn sa bhliain 2023, agus beidh beartais nuashonraithe dea-chleachtais EDI mar thoradh air.

Rinneadh an-chuid oibre ar Bheartas Oibre Cumaisc nua a dhréachtú agus tá sé le síniú go luath sa bhliain 2023, agus cuireadh an beartas um Chosaint Leanaí agus Aosaigh Leochaileacha agus an Beartas Oibrithe Deonacha i gcrích.

Ba léir, ag deireadh na bliana 2022 go mbeadh tionchar ag treochtaí fostaíochta domhanda ar lucht saothair reatha agus amach anseo AMÉ. Léirigh tuairiscí le déanaí go bhfuil idir 20 agus 40% d'fhostaithe sna Stáit Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe ag smaoineamh ar a bpost reatha a fhágáil, feiniméan ar tugadh 'The Great Resignation' air. Tá sé ag tarlú in Éirinn freisin: dúirt thart ar 40% dóibh siúd a d'fhreagair ceisteanna i suirbhé a rinne an tSaotharlann 'WorkFutures' de chuid Scoil Ghnó Kemmy ar thart ar 1,000 fostaí in Éirinn gur aontaigh siad nó gur aontaigh siad go láidir 'nach mbeidh mé ag obair don eagraíocht seo amach anseo'. B'in a dúirt siad, ba chuma an raibh siad ag obair do chomhlachtaí ilnáisiúnta, do chomhlachtaí dúchasacha Éireannacha, do FBManna nó san earnáil phoiblí.

Is cosúil gur míshásamh atá ag treisiú is cúis leis an meon forleathan seo, míshásamh faoi chleachtais oibre agus faoi bhealaí oibre, agus le bliain anuas, rinneadh meastóireacht níos mó ná riamh ar shaol na hoibre dá bharr. Is iomaí gné éagsúil oibre a bhaineann leis seo, amhail guth na bhfostaithe, éagsúlacht, folláine agus cleachtais sholúbtha oibre gan ach cúpla ceann a lua. Is mar gheall air sin a bheidh Acmhainní Daonna ag obair leis an ardbhainistíocht agus leis an gcoiste bainistíochta sa bhliain 2023 chun pleanáil níos straitéisí a fhorbairt d'acmhainní daonna agus d'fhórsa saothair.

**Gnóthaí Corparáideacha**

**Freagrachtaí maidir le Rialachas Corparáideach agus Reachtaíochta**
Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar roinnt doiciméid bheartais agus reachtaíochta i rith na bliana agus rinneadh athbhreithniú ar gach doiciméad rialachais ábhartha i gcomhréir leis an *gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.* Cuireadh tús le hobair uasdátaithe ar an mBeartas um Nochtadh Cosanta tar éis leasuithe a bheith déanta ar an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022, a síníodh i mí Iúil. Tháinig an reachtaíocht nua i bhfeidhm i mí Eanáir 2023.

**Eitic in Oifig Phoiblí**
Chloígh baill foirne a raibh post fostaíochta ainmnithe acu agus Bord Ard-Mhúsaem na hÉireann leis na hAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995 agus 2001.

**Bainistíocht Riosca**
Leanadh le Creat Bainistíochta Riosca AMÉ a chur i bhfeidhm agus lean an Fhoireann Shinsearach Riosca le cruinnithe ráithiúla chun a chinntiú go ndearnadh aon rioscaí nua a thaifeadadh agus a mhaolú. Coimeádadh an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca ar an eolas faoi seo i rith na bliana agus, i Ráithe 4, rinneadh athbhreithniú ar an mbeartas bainistíochta riosca agus ar an gcreat foriomlán tríd an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca.

**Iniúchóireacht Inmheánach**
Lean lucht Iniúchóireachta Inmheánaí lena chlár oibre i rith na bliana 2022. Rinne agus shínigh an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca an t-athbhreithniú éigeantach ar na Córais Rialaithe Inmheánach i mí an Mhárta 2022. Rinneadh athbhreithniú ar Chibearshlándáil i Ráithe 2 den bhliain 2022. Leanadh le cur i bhfeidhm na moltaí ó na hathbhreithnithe iniúchta inmheánacha seo chomh maith leis na moltaí ón iniúchadh ardleibhéil ar Shlándáil agus Bainistíocht na mBailiúchán (a rinneadh sa bhliain 2021) i rith na bliana 2022.

**RGCS**
Leanadh le hobair measúnaithe maidir le comhlíonadh RGCS ag an Músaem. Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar bheartais um Chosaint Sonraí mar chuid den chlár oibre bliantúil. Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú, i Ráithe 4, ar Thaifid gach rannóg agus rannán ar Ghníomhaíochtaí Próiseála (RoPAnna). Cuireadh tús le hobair a bhain leis an struchtúr rialachais foriomlán chun cosaint sonraí a bhainistiú ag AMÉ, agus lean an obair sin ar aghaidh sa bhliain 2023. Rinneadh obair a bhain le Comhaontuithe um Chomhroinnt Sonraí le Rannóg na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Cuireadh tús le roinnt Comhaontuithe ag deireadh na bliana 2022, ar Chomhaontuithe um Chomhroinnt Sonraí iad idir an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus Ard-Mhúsaem na hÉireann de bhun an Achta um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí, níos déanaí sa bhliain 2019. Baineann siad seo le rialú ar chomhroinnt faisnéise, idir comhlachtaí poiblí, comhroinnt sonraí pearsanta san áireamh. Lean obair i dtaca leis na Comhaontuithe seo ar aghaidh sa bhliain 2023.

**Saoráil Faisnéise**

Tugadh freagra ar 9 n-iarratas um Shaoráil Faisnéise i rith na bliana, faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014.

**Ceisteanna Parlaiminte (PQanna)**

Fuarthas 26 PQanna san iomlán ó Thithe an Oireachtais i rith na bliana. Bhain gach PQ le fiosrúcháin ar fud Ard-Mhúsaem na hÉireann i réimsí Oibríochtaí agus Bailiúcháin araon.

**Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide**

Tá an rannóg TFC freagrach as gach córas teileachumarsáide, closamhairc agus faisnéise a fhorbairt agus a bhainistiú, agus as tacú le misean an Ard-Mhúsaeim, agus an misean in a fheabhsú thar a chuid feidhmeanna agus a chuid suíomhanna geografacha go léir.

Le linn 2022, bhí srian ar an bhfoireann de bharr neamhláithreachtaí nár bhain le saoire bhliantúil, ach baineadh an chuid is mó de phríomh-spriocanna na bliana amach ar aon nós.

**Buaicphointí**

Chaith an rannóg TFC an chuid is mó dá cuid ama in 2022 i mbun tacaíochta oibriúcháin agus ag tacú le tionscadail a raibh rannóga eile i gceannas orthu. É sin ráite, leanadh leis an gclár um nuachóiriú na timpeallachta TFC san Ard-Mhúsaem le linn 2022.
Cuireadh córas deasc chabhrach i bhfeidhm chun tacú le húsáideoirí i mí Mheán Fómhair 2022 agus thug deasc chabhrach na rannóige TFC freagra ar 691 iarratas tríd an gcóras nua sa dara leath de 2022.
Airítear i measc éachtaí eile:

- Aistriú na n-úsáideoirí go léir chuig seirbhís poist néal-bhunaithe agus féilire, lena gceadaíodh deireadh a chur le Freastalaithe Aistrithe as tacaíocht ar an áitreabh
- Cur chun feidhme scanadh agus scagadh slándála ríomhphoist, mar aon le seirbhís slándála gréasáin nua.
- Cur chun feidhme bearta slándála nua d'oibrithe ar an áitreabh agus do chianoibrithe.
- Leathadh amach na hoiliúna cibearshlándála i measc na n-úsáideoirí go léir, lena n-áirítear ionsamhlú fioscaireachta agus tuairisciú.
- Soláthar soláthraí is rogha chun córas nua closamhairc sa Seomra Criadóireachta ag Sráid Chill Dara a shuiteáil
- Soláthar conraitheoir chun comhéadan úsáideora a chur ar fáil do thionscadal na mbailiúchán ar líne

**Cúrsaí Foirne**

Tá foireann bheag ach sofhreagrúil ag an TFC a bhfuil 3 speisialtóir an réimse, arna tacú ag riarthóir agus Ceann na rannóige

**Margaíocht agus Cumarsáid**

**Líon na gCustaiméirí**

| Líon na gCuairteoirí | Bliain – Eanáir – Nollaig. | | |
|---|---|---|---|
| | 2021 | 2022 | Athrú % |
| Sráid Chill Dara | 90,430 | 309,820 | +243% |
| Sráid Mhuirfean | 9,416 | 137,705 | +1,362% |
| Dún Uí Choileáin | 101,165 | 249,932 | +147% |
| Páirc Thurlaigh | 37,465 | 55,037 | +47% |
| Iomlán | 238,476 | 752,494 | +216% |

**Ginearálta**
Osclaíodh 4 shuíomh i ndiaidh na paindéime go céimnitheach in 2022, le Stair an Dúlra mar an suíomh deireanach a osclaíodh i mí Lúnasa. I ndiaidh athoscailt na suíomhanna, reáchtáladh roinnt seoltaí go gearr i ndiaidh a chéile. Gnóthaíodh caidreamh poiblí suntasach do na himeachtaí sin.

**Comhpháirtíochtaí Seachtracha**
Lean an Rannóg Margaíochta de chomhpháirtíochtaí leanúnacha a fhorbairt / líonrú leanúnach a dhéanamh le roinnt gníomhaireachtaí m.sh. Fáilte Ireland, Turasóireacht Éireann agus AVEA.

**Suíomh gréasáin**
Athnuadh leathanach baile an tsuímh gréasáin chun tosaíocht níos mó a thabhairt don tairiscint mhiondíola ar líne agus d'ábhar físe. Eagraíodh gnéithe laistigh de Google Analytics chun níos mó faisnéis a thabhairt dúinn maidir le sonraí déimeagrafacha agus tugadh tuarascálacha míosúla isteach chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht agus chun treochtaí a shainaithint. Osclaíodh siopa bronntanas an Mhúsaeim ar líne i mí Eanáir agus chuir an Rannóg Margaíochta feachtais mhargaíochta éagsúla ar bun ar fud ár gcuid ardán digiteach, agus tháinig fás suntasach air de bharr na bhfeachtas sin. Lean an Rannóg Margaíochta de Nuachtlitir an Mhúsaeim a fhorbairt, a raibh fás láidir i síntiúis agus i rannpháirtíocht mar thoradh uirthi.

**Taighde ar an Lucht Freastail**
Rinne Martha Fanning & Associates taighde ar chuairteoirí ar an gceithre shuíomh. Déanfaidh torthaí na taighde seo eolas dár bpleananna cumarsáide do raon leathan lucht spéise.

**Tairiscintí Priontála agus Deartha**
Bhí an Rannóg Margaíochta rannpháirteach go gníomhach sa phróiseas tairisceana i dtaobh soláthraithe seirbhíse nua maidir le priontáil agus dearadh a chur ar fáil.

**Taispeántais**
Reáchtáladh na seoltaí seo a leanas thar thrí shuíomh:

- FOLK 21, Feabhra 2022,
- Comhoibriú le Foras Ailtireachta na hÉireann, Bealtaine 2022
- An Gorta Mór, Comóradh ar chothrom 175 bliain ’47 an Bhróin, Bealtaine 2022
- Tar Éis an Chogaidh: An Eoraip Nua, 1918-1923, Bealtaine 2022
- Ó Riail na Breataine go Saorstát Éireann; aistriú na mbeairicí, 1922, Iúil 2022
- The Glass Quilt Samhain 2022
- Shane Hynan, samhradh 2022
- Ag Íomháú Coimhlinte: Revolutionary Photographs, 1919-23, Deireadh Fómhair 2022
- Suiteán Ealaín Neoin an Ealaíontóra Chónaithe - saothar Anthony Haughey , Samhain 2022

Bhí tacaíocht láidir caidreamh poiblí ag na himeachtaí seo chun a chur in iúl don phobal go raibh an tArd-Mhúsaem anois oscailte do chuairteoirí. Forbraíodh dhá fheachtas raidió freisin le haghaidh Down to Earth agus Ár gCathaoir Ghaelach trí chuidiú ó Scéim RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona

**Oíche Chultúir**
D’fhan suíomhanna an mhúsaeim ar oscailt go dtí 9 i.n. in ómós Oíche Chultúir. Forbraíodh roinnt clár le haghaidh na hócáide seo ó bhlas a fháil den saol mar a bhí in Éirinn ón gClochaois go dtí na Meánaoiseanna, go béaloideas agus traidisiúin na hÉireann sa 19ú agus sa 20ú haois. Chomh maith leis sin, reáchtáladh imeacht ar shuíomh Shaol na Tuaithe le haghaidh tuairim is 150 duine de phobal na hÚcráine i Maigh Eo chun traidisiúin chultúrtha faoi fhéile an fhómhair a roinnt.

**Ard-Mhúsaem na hÉireann – Saol na Tuaithe**
Bhain Ard-Mhúsaem na hÉireann - Saol na Tuaithe clúdach maith náisiúnta agus réigiúnach sna meáin chlóite agus chraolta le linn 2022. I measc na bpríomh-thaispeántas agus na príomhchlár a cuireadh chun cinn bhí: clár FOLK 21; Architects in Schools; Ár gCathaoir Gaelach/comhpháirtíocht le hOllscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh;Samhain - imeacht an gheilleagair oíche; A Breath of Fresh Air – The Keep Well Glass Quilt; sraith scéalaíochta ‘What’s the Scéal’ i gcomhpháirtíocht le hÉigse Éireann.

**Margaíocht Dhigiteach**
In 2022, rinneadh ailíniú níos mó ar an gclárú chun dátaí agus imeachtaí tábhachta san fhéilire a eagraíodh ar an leibhéal náisiúnta a mheaitseáil m.sh. Teach Oscailte, Meántéarma an Earraigh, Seachtain na hOidhreachta, Féile Litríochta Bhaile Átha Cliath, Féile an Bhróid, Samhain, Naomh Bríd agus Turais Threoraithe. Chuir an méid sin deiseanna ar fáil chun feachtais dhigiteacha a leagan amach agus a sceidealú le buiséid chomhfhreagracha leis an spriocllucht spéise, agus tháinig méadú ar an gcur chun cinn agus ar an rannpháirtíocht dá bharr. Ceadaíodh tras-chur chun cinn agus trasmhargaíocht ar ardáin náisiúnta leis freisin – Féile Pádraig. Mar gheall ar an dul chun cinn atá déanta i bhforbairt Nuachtlitir choicísiúil an Ard-Mhúsaeim, tá méadú tagtha ar chruthú ábhar saibhir don ‘Mhír Nuachta’ a bhí le feiceáil thar na meáin shóisialta agus ar chainéil YouTube freisin. Chuir athsheoladh

leathanach baile shuíomh gréasáin an Ard-Mhúsaeim, táirgeadh íomhánna agus ábhar físe beoga nua leis an méadú seasta ar rannpháirtíocht, leantóirí agus trácht ar líne thar gach cainéal digiteach de chuid an Ard-Mhúsaeim.

Choinnigh an tArd-Mhúsaem láithreacht láidir thar gach ardán digiteach (Facebook, Twitter & Instagram agus YouTube). Léirigh gach ardán fás comhsheasmhach le Nuachtlitir, cainéal YouTube agus ardáin Instagram an Ard-Mhúsaeim leis an méadú % is mó. Bhí fógraí taispeána digiteacha le feiceáil go réigiúnach agus go náisiúnta m.sh. Irish Times, Irish Arts Review, Military History Matters, agus The Connaught Telegraph.

**Leantóirí ar na Meáin Shóisialta/Fás na Síntiúsóirí 2022**

| | Mí Eanáir '22 | Mí na Nollag '22 | Fás |
|---|---|---|---|
| **Facebook** | **57,759** | **63,231** | **9%** |
| **Twitter** | **48,381** | **50,818** | **5%** |
| **Instagram** | **17,944** | **20,993** | **16%** |
| **YouTube** | **1,550** | **2,350** | **41%** |
| **Nuachtlitir Ghinearálta** | **6,523** | **8,747** | **29%** |
| **Nuachtlitir na Scoileanna** | **1,285** | **1,338** | **4%** |

Tá **agallaimh raidió** ina gcuirtear obair an mhúsaeim agus seoladh na dtaispeántas nua chun cinn anois taifeadta agus ar fáil ar ár gcainéal YouTube.

## Forbairt Tráchtála agus Miondíol

### Imeachtaí ag suíomhanna an Mhúsaeim

Tar éis dhá bhliain de chur isteach, agus i gcomhthéacs an domhain athraithe chorparáidigh, lean an Rannóg Forbartha Tráchtála ar aghaidh ag bunú a spásanna imeachtaí i margaí corparáideacha agus rialtais na hÉireann le linn 2022.

Le bliain anuas, bhíomar chomh ghnóthach is a bhí riamh, ag giniúint €160k i dtáillí ar chíos do láithreacha, agus ag óstáil roinnt imeachtaí le comhpháirtithe straitéiseacha de réir bheartas ár músaeim, lenar ardaíodh feasacht níos leithne ar na músaeim agus ar ár mbailiúcháin i measc an phobail. Rinneamar iniúchadh ar bhealaí nua chun na bailiúcháin a dhéanamh inrochtana ag imeachtaí, ag obair leis an rannóg Oideachais maidir le turais agus ag láimhseáil seisiún le téamaí imeachtaí amhail *Féile Bram Stoker* agus *Eat the Streets!*

Ba chúis áthais dúinn a bheith in ann féilire iomlán d'imeachtaí ar mhórscála amuigh faoin aer a óstáil i nDún Uí Choileáin i mbliana, dírithe ar líon na gcuairteoirí a mhéadú. Le breis agus 75,000 duine i láthair in 2022, áiríodh i measc na seónna sár-rathúla seo *Ceathrú na Féile Pádraig, Mother Block Party* agus sraith ceolchoirmeacha *Wider than Pictures.*

Chomh maith leis sin, d'fhostaigh an Rannóg Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán sinn chun imeacht píolótach a reáchtáil don Tascfhórsa um an Gheilleagar Oíche i bPáirc Thurlaigh, chun inmharthanacht imeachtaí oíche a thástáil i suíomh tuaithe. Fuaireamar maoiniú €100k chun an imeacht *Samhain Creepy Crawl* a reáchtáil, rian agus seó solais Oíche Shamhna saor in aisce agus oiriúnach do theaghlaigh. D'fhreastail dream maith ar an imeacht agus ghlac an pobal go maith leis, agus thug sé go leor léargas ar na dúshláin agus na deiseanna atá ag tailte Pháirc Thulaigh d'imeachtaí tráchtála ar scála mór amach anseo.

Chuidíomar lenár gcomhghleacaithe roinnt imeachtaí VIP a óstáil do dhaoine mór le rá mar an Rannóg Gnóthaí Eachtracha agus Rialtas na Breataine Bige. D'óstálamar *Seanad 100* freisin, ar fhreastail breis is 250 comhalta reatha agus iarchomhalta den Rialtas agus den Seanad air, chun a gcomóradh céad bliain a cheiliúradh in 2022.

Ag breathnú go seachtrach, thacaíomar lenár gcomhghleacaithe coimeádaithe i suiteáil agus i seoladh *After the Great War*, taispeántas taistil faoin aer ar Chearnóg Clarke a dhírigh ar na blianta suaite i ndiaidh an Chéad Chogaidh Dhomhanda.

Ar deireadh, chríochnaíomar an bhliain trí thacú le taispeántas grianghrafadóireachta pobail chun tuiscint agus comhbhá níos fearr a chur chun cinn maidir le heaspa dídine i gcomhar le *Focus Ireland*.

### Caifé

Tar éis an phróisis tairisceana i leith lónadóirí nua ar chonradh a cheapadh don Mhúsaem a chur i gcrích in 2021, táimid ag obair le hOifig na nOibreacha Poiblí maidir le hathchóiriú uileghabhálach de spás caifé an Mhúsaeim de chistineacha an tSeomra Phalaitínigh, atá dlite

le críochnú faoi dheireadh na bliana 2023. Chun tairiscint a chur ar fáil dár gcustaiméirí idir an dá linn, tá tairiscintí lónadóireachta sealadacha lasmuigh i gCearnóg an Chléirigh, ag obair le t*he Daily Grind, Le Beret,* agus i láthair na huaire, *Currabinny.*

**Forbairt**

D'éirigh linn €24k eile a bhaint amach don chéad chéim eile den tionscnamh Digital That Delivers, arna mhaoiniú ag Fáilte Ireland, chun Eispéireas Is Féidir a Chur in Áirithe a fhorbairt.

Chuir Forbairt Tráchtála grúpa oibre idir-rannach ar bun chun tairiscint a dhéanamh do sholáthraí a d'fhéadfadh cuidiú linn Eispéireas Is Féidir a Chur in Áirithe a fhorbairt lena gcuirtear feabhas ar léirmhíniú digiteach ár mbailiúchán. Chuaigh an tairiscint amach in 2022, agus tá tús á chur againn anois le turas 'píolótach' a fhorbairt, a sheolfar in 2023.

**Deonacháin**

In 2022, thosaíomar ag glacadh le deontais ar líne díreach ó shuíomh gréasáin an Mhúsaeim den chéad uair. D'fhorbraíomar boscaí deonacháin gan tadhall lán-bhrandála de chuid an Ard-Mhúsaeim, a leathadh amach go céimneach in 2022, i nDún Uí Choileáin ar dtús, agus ansin chuig gach suíomh faoi ráithe a haon in 2023.

**Miondíol**

D'fhill gnáth-choinníollacha trádála in 2022, de réir mar a tháinig ardú ar líon na gcuairteoirí ó thús mhí Feabhra, agus mar a tháinig deireadh le srianta ar thaisteal ag tús mhí Aibreáin. Bogadh siopa Shráid Chill Dara ón Rotunda go dtí an sean-spás caifé, , tar éis dó a bheith athlonnaithe go sealadach ann, agus cuireadh tús le hobair ag deireadh na bliana ar phróiseas athdheartha, agus leanfar leis an obair sin go dtí 2023. D'fhan an siopa ag Stair an Dúlra dúnta don bhliain iomlán. Le filleadh na ngnáth-choinníollacha trádála, thosaíomar ag fás arís agus tháinig ardú 200% ar dhíolacháin i gcomparáid le figiúir 2021.

**Siopa Ar Líne**

Lean an siopa ar líne ar aghaidh ag feidhmiú in éineacht le hathoscailt ár suíomhanna miondíola. Cuireadh tús le próiseas athbhreithnithe i ráithe a ceathair agus muid ag bogadh ó straitéis freagartha COVID go straitéis iar-COVID, chun cur ar ár gcumas na buntáistí a bhaineann lenár láithreacht ar líne agus lenár gcumas fisiciúil a chomhcheangal.

**Cearta, Atáirgí, agus Grianghrafadóireacht Nua**

Rinne an tOifigeach Cearta agus Atáirgthí os cionn 2,320 íomhá a dháileadh ó 341 iarratas ón bhfoireann agus ón margadh seachtrach i gcaitheamh 2022. Comhordaíodh 94 tionscadal Grianghrafadóireacht Nua i gcás príomhshaothair an Mhúsaeim, agus stóráladh 1,616 íomhá breise de dhéantáin an Ard-Mhúsaeim go digiteach sa chóras bainistithe rochtana ar shonraí.

**Ticéadú**

Tháinig deireadh leis an ticéadú ar líne don ghnáth-iontráil ag deireadh mhí Eanáir de réir mar a tháinig deireadh leis na srianta. Tá an córas ticéadaithe fós i bhfeidhm do ghrúpaí agus d'áirithintí oideachasúla.

**Áiseanna (Cóiríocht agus Slándáil)**

In ainneoin na ndúshlán iomadúil a tháinig chun cinn, ba bhliain thar a bheith dearfach 2022 don rannóg.

Ó a osclaíodh ár ndoirse agus ó chuireamar fáilte roimh chuairteoirí ar ais chuig an Músaem tar éis an 10 Bealtaine 2021 bhí ról lárnach ag ár bhfoirne Seirbhísí agus Áiseanna do Chuairteoirí a chinntiú gur fhan ár gcuairteoirí, ár bhfoireann agus ár mbailiúcháin sábháilte agus slán, agus go ndearnadh ár n-áitribh a chothabháil ar dhóigh oiriúnach do phríomh-institiúid chultúrtha na Tíre. I bhfianaise na ndúshlán iomadúil atá ag teacht chun cinn, bhí a dtiomantas agus a n-inoiriúnaitheacht as cuimse.

D'oibrigh rannóg na nÁiseanna go dlúth lenár gcomhghleacaithe in Oifig na nOibreacha Poiblí ar roinnt príomhthionscadal caipitil. Ina measc, bhí uasghráduithe suntasacha ar chórais TCI agus slándála, tógáil taispeántais geolaíochta nua i nDún Uí Choileáin agus athchóiriú leithris phoiblí agus áiseanna foirne ar Shráid Chill Dara. Cuireadh tús déanach in 2021 le mórthionscadal chun deisiúcháin dín a dhéanamh laistigh den Rotunda stairiúil i Sráid Chill Dara agus críochnaíodh é i mí na Nollag 2022 agus sa Rotunda. I Músaem Saol na Tuaithe, críochnaíodh oibreacha tógála ar an mbealach isteach poiblí a athchóiriú i mí an Mheithimh 2022 agus chuir siad go mór le rochtain agus áiseanna dár gcuairteoirí ar an láithreán. Cuireadh tús le mór-oibreacha dín in 2022 ag Ionad Acmhainní na mBailiúchán, Sord.

Rinne na rannóga BMS áitiúla laistigh d'Oifig na nOibreacha Poiblí na céadta tasc aonair ar fud láithreáin an Ard-Mhúsaeim in 2022. Is mór ag an Músaem an tacaíocht leanúnach ó Oifig na nOibreacha Poiblí atá fíor-riachtanach chun an t-áitreabh a choinneáil ag feidhmiú dár riachtanais.

Ba bhliain ghnóthach é 2022 don rannóg maidir le bainistíocht sláinte agus sábháilteachta. Leanadh ar aghaidh le bainistiú na n-ábhar a bhaineann leis an bpaindéim in 2022 agus leanadh le cruinnithe coicíse de chuid Oibrí Ceannais Covid-19. Le linn na bliana chuir an fhoireann áiseanna oiliúna ar líne le haghaidh garchabhrach agus pas sábháilte agus oiliúint ar an láthair i láimhsiú, sábháilteacht dóiteáin agus ionduchtú sláinte agus sábháilteachta amach. Rinne conraitheoir neamhspleách athbhreithniú agus iniúchadh ar bheartais agus nósanna imeachta sábháilteachta an Mhúsaeim, agus tá clár oibreacha ar siúl chun gnéithe de Chórais Bainistíochta Sábháilteachta an Mhúsaeim a fheabhsú. Bhí ról ríthábhachtach ag na foirne saoráidí i mbainistiú na riachtanas sláinte agus sábháilteachta agus slándála d'imeachtaí ar scála mór a tharla i nDún Uí Choileáin mar seo a leanas:

- Imeacht na Féile Pádraig Márta 2022.
- Imeacht 'Mother Block' Meitheamh 2022
- Imeacht 'Wider Than Pictures' Lúnasa 2022.

Tá oiliúint agus forbairt leanúnach fhoireann na nÁiseanna fós mar thosaíocht ag an Músaem. Agus díríodh ar oiliúint sláinte agus sábháilteachta in 2022. Bhain comhghleacaí amháin,

Robert Berigan, ardú céime amach le linn an chúrsa seo in 2022 agus ghlac sé ról an Bhainisteora Fáilteachais.

**Foilseacháin**

**Doyle, S. '**The Aghabullogue Hurl', *History Ireland*, 30, 1, Eanáir/Feabhra 2022, 41.

**Doyle, S.** 'Flag of South Africa from the Tailteann Games', *History Ireland*, 30, 3, Bealtaine/Meitheamh 2022, 49.

**Doyle, S.** '*How to Play Gaelic Football* (1914)', *History Ireland*, 30, 5, Meán Fómhair/Deireadh Fómhair 2022, 39.

**Doyle, S.** 'Rethinking Commemorative Narratives through Exhibition: The Contact Relics of Michael Collins', *Éire-Ireland*, 1-2, Earrach/Samhradh 2022, 147-165.

**Andrees, E.** '*Studio & State: The Laverys and the Anglo-Irish Treaty'*, Garda Journal Spring Yearbook 2022, 5.

**Doyle, S.** *A History of the GAA in 100 Objects*, Merrion Press, 2022.

**Doyle, S.**, 'Contested Memories: Exhibiting the Great War in the Ulster Museum, Belfast' (292-306) i gCoirnis, P. agus Saunders N. *Curating the Great War*, Routledge, 2022.

**Curran, T.G., Browett, S.S., O'Neill, D., O'Hanlon, A., O'Reilly, C., Harrington, A.P., McDevitt, A.D, O'Meara, D.B.** 2022. 'One bat's waste is another man's treasure: a DNA metabarcoding approach for the assessment of biodiversity and ecosystem services in Ireland using bat faeces' *Biodiversity and Conservation*, **31**, 2699-2722

**Daly, C., O'Hanlon, A.** 2022. 'Clarifying the status of *Alomya semiflava* (Hymenoptera: Ichneumonidae: Alomyinae) in Ireland' *Irish Naturalists' Journal*, **39**, 93-94

**Dillane, E., Hayden, R., O'Hanlon, A., Butler, F., Harrison, S. 2022.** 'The first recorded occurrence of the Asian hornet (*Vespa velutina*) in Ireland, genetic evidence for a continued single invasion across Europe' *Journal of Hymenoptera Research*, **93**, 131-138

**Geraghty, A.C., Viscardi, P. & Monaghan, N.T.** 2022.'The Irish Cetacean Genetic Tissue Bank', *Irish Naturalists' Journal,* **39**, 119-121

**Monaghan, N.T.** 2022. 'Dodo remains in the National Museum of Ireland - Natural History, Dublin' *Journal of Natural Science Collections* **10**, 45-59

**Moynagh, J.** & **Viscardi, P.** 2022. 'Vouchered record of Field Voles (*Microtus agrestis*) in Ireland from Co. Monaghan (H32)', *Irish Naturalists' Journal,* **39**, 104-106

**O'Hanlon, A.** 2022. 'A provisional checklist of aculeate Hymenoptera from Killarney National Park based on the entomological collections of Edwin F. Bullock (1879-1965)' *Irish Naturalists' Journal*, **39**, 1-7

**O'Hanlon, A.**, Burke, B. and Kurzawa, J. 2022. 'Brown fir longhorn beetle (*Callidiellum villosulum* (Fairmaire) Coleoptera: Cerambycidae) intercepted in Ireland' *Irish Naturalists' Journal*, **39**, 95-96

**O'Hanlon, A.**, Nolan, N., Murphy, A., Gormally, M.J., Byrne, P. 2022. 'Additional Irish records of *Bembidion quadrimaculatum* (Linnaeus, 1760) (Coleoptera: Carabidae) from farmland in Co. Laois' *Irish Naturalists' Journal*, **39**, 101-102

**Parkes, M.A.**, et al. *Glaciers, Glens and Granite: An Exploration of the Geology of County Wicklow,* Wordwell Books, Baile Átha Cliath, 2022

**Whitman, J.D., Viscardi, P.**, Reynaud, E.G. 2022. 'Recording of Blaschka glass invertebrate models: A method and workflow for imaging using standardized methods' *Journal of Natural Science Collections* **10**, 115 - 145

**Paul Mullarkey,** 'The Sealed Word? Book-Boxes and Book-Shrines: The Irish Dimension' in N. NicGhabhann and D. O'Donovan (eds)*, Mapping New Territories in Art and Architectural Histories: Essays in Honour of Roger Stalley* (Brepolis, Turnhout, 2021, pp 257-71).

**G.T. Barrett, E. Keaveney, P.J. Reimer, N. O'Neill-Munro, M.T. Barrett, P. Mullarkey, M. Seaver,** 'Ramped pyroxidation radiocarbon dating of a preservative contaminated early medieval wooden bowl', *Journal of Cultural Heritage*, Vol. 50, 2021, pp 150-162.

**Gaffrey, J.** 2022. Caibidil 6, 7, 9, 10, 11 agus 12: post-medieval ceramics, bone finds, metal finds, clay pipes, glass and stone finds from Stalleen, Co. Meath (chapters 9—12 with Fiona Beglane), In G. Stout and M. Stout (eds). 2022. *Excavation of a multi-period site at Stalleen, Co. Meath*, *by Mandy Stephens*: *Research in the Bru na Boinne World Heritage Site*. Chapel Books.

**Seaver, M with Contributions from Mullarkey, P, Barrett, G and Allen**, K 2022 *Radiocarbon dating of spearbutts of doorknob type from Deerpark (Co. Wexford), Maghery (Co. Armagh), Derrymore (Co. Sligo) and Hillquarter (Co. Westmeath)* in Journal of Irish Archaeology, Vol XXXI, 2022, 55-68.

**Seaver, M, Gilhooly, B and Lynch, L** 2022 An early medieval burial at Carrowgarry, Inishcrone, Co. Sligo in *Journal of the Sligo Field Club*, Vol. 8, 119-134.

**Weadick, S.** 2022. 'The biography of the Doonour mould and its significance in the Early Bronze Age metalworking in Ireland',*The Bantry Historical and Archaeological Journal,* vol. 4.

## Bord Ard-Mhúsaem na hÉireann


Catherine Heaney (Cathaoirleach)

Ambrose Loughlin (Leaschathaoirleach)

John R Bowen

Andrew Power

Helen Shenton

Declan Nelson

Linda King

Paolo Viscardi

Barra O'Donnabhain

Susan Rogers

Claudia Kinmonth

Cathal O’Donoghue

Geraldine Sheridan

Beatrice Kelly

Ciaran Byrne

Marianne Doyle

Iseult Dunne

**EOLAIRE FOIRNE**

(amhail an 31 Nollaig 2022)

**OIFIG AN STIÚRTHÓRA**

**Stiúrthóir**

Lynn Scarff

**Rúnaí don Bhord/Cúntóir Feidhmiúcháin don Stiúrthóir**

Jade Dillon

**AN RANNÓG BAILIÚCHÁN AGUS FOGHLAMA**

**Ceannasaí na mBailiúchán agus Foghlama**

Dr Audrey Whitty (Gníomhach)

**EALAÍN AGUS TIONSCLAÍOCHT**

**Coimeádaí Gníomhach**

Alex Ward

**Coimeádaí Cúnta Grád I**

Brenda Malone

**Coimeádaí Cúnta Grád II**

Dr Edith Andrees

Dr Jennifer Goff

Sandra Heise

**Cúntóir Teicniúil**

Sarah Nolan

**SEANIARSMAÍ NA hÉIREANN**

**Coimeádaí**

**RANNÓG NA nOIBRÍOCHTAÍ**

**Ceannasaí Oibríochtaí**

Aoife Hurley

**Oifigeach Cléireachais**

Folúntas

**Ceannasaí Airgeadais agus Soláthar Seirbhísí**

Mark Sherry

**Oifigeach Airgeadais**

Joan McGrath

**Oifigeach Feidhmiúcháin**

Elke Maher

**Oifigeach Cléireachais**

Jack Roche

**TFC**

**Ceannasaí na gCóras Faisnéise Digiteach**

Derek Williams

**Riarthóir Líonra agus Córas**

Lukasz Komoterski

**Ceannaire Úsáideora agus Ábhair**

Maeve Sikora

**Coimeádaí Cúnta Grád I**

Dr Nessa O'Connor

Matthew Seaver

**Coimeádaí Cúnta Grád II**

Isabella Mulhall

Sharon Weadick

Dr Niamh Curtin

Dr Bernard Gilhooly

Dr Aoife O'Brien

**Cúntóir na mBailiúchán**

Joanne Gaffrey

**Oifigeach Cléireachais**

Eamonn McLoughlin

**SAOL NA TUAITHE IN ÉIRINN**

**Coimeádaí**

Clodagh Doyle

**Coimeádaí Cúnta Grád I**

Noel Campbell

**Coimeádaí Cúnta Grád II**

Rosa Meehan

Oein De Bhairduin

Tiernan Gaffney

**Oifigeach Cléireachais**

Liam Doherty

**STAIR AN DÚLRA**

**Coimeádaí**

Gavin Woodruff

**Riarthóir Inlín agus Suímh Ghréasáin**

Neil Hand

**Oifigeach Cléireachais**

David McKenna

**Acmhainní Daonna**

**Ceannasaí Acmhainní Daonna**

Anne Mc Neeley

**Oifigeach Acmhainní Daonna**

Helen McInerney

**Oifigeach Feidhmiúcháin**

Folamh

**Oifigeach Cléireachais**

Maria Pringle

Edel Ni Caba

**GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA**

**Ceann Gnóthaí Corparáideacha**

Aoife Mc Bride

**MARGAÍOCHT**

**Ceannasaí Margaíochta**

Ann Daly

**Oifigeach Margaíochta**

Maureen Gaule

**Feidhmeannach Margaíochta**

Frances Toner

Brian Houlihan

**Oifigeach Cléireachais**

Maeve McNicholas

Folúntas

**Coimeádaí Cúnta Grád I**

Paolo Viscardi

**Coimeádaí Cúnta Grád II**

Dr Amy Geraghty

Dr Aidan O'Hanlon

Dr Patrick Roycroft

**CLÁRÚ**

**Cláraitheoir Gníomhach**

Emer Ní Cheallaigh

**Cartlannaí**

Christina Tse

**Bainisteoir IAB/Leas-Chláraitheoir**

Sylviane Vaucheret

**Oifigeach na gCáipéisí**

Eimear Ashe

Joanne Hamilton

Kevin Forkin

Catherine Moriarty

**Cúntóir Teicniúil**

Emma Crosbie

**Oifigeach Feidhmiúcháin**

Ann Vaughan

**Oifigeach Cléireachais**

Frances Devoy

Folúntas

**DEARADH AGUS GRIANGHRAFADÓIREACHT**

**Ceannasaí an Deartha agus na Grianghrafadóireachta**

**FORBAIRT TRÁCHTÁLA**

**Bainisteoir Forbartha Tráchtála**

Terri McInerney

**Feidhmeannach Forbartha Tráchtála**

Clare McNamara

**Cúntóir Forbartha Tráchtála**

Charlotte Mathews

**MIONDÍOL**

**Bainisteoir Custaiméara agus Miondíola**

Shane Sterio

**Cúntóir Miondíola Sinsearach**

Siobhan Collins

Veronica Skeffington

**Cúntóir Miondíola**

Tracey Curran

Angela Hart

Damian Kelly

Nicola Lavin

Jean Boyle

Celestina Sassu

Pauline Stack

**ÁISEANNA**

**Ceannasaí Áiseanna agus Slándála**

Justin Rovira Kearney

**Feidhmeannach Sinsearach Áiseanna**

Paddy Matthews

**Oifigeach Áiseanna**

Rory Loughnane

John Murray

**Bainisteoir an Stiúideo Dearaidh**

Folúntas

**Oifigeach um Íomháú Digiteach**

Richard Weinacht

**Ealaíontóir Grafach**

Yvonne Doherty

Michael Heffernan

Darko Vuksic

**OIDEACHAS AGUS FOR-ROCHTAIN**

**Ceannasaí Oideachais**

Folúntas

**Oifigeach Oideachais agus For-Rochtana**

Helen Beaumont

Siobhan Pierce

**Coimeádaí Cúnta II**

Geraldine Breen

Tom Doyle

Patricia Ryan

Mathew Lester

Diarmuid Bolger

**Cúntóir Oideachais**

Brendan Mc Donnell

Sheila Stenson

Emma Murphy

Grace Dignam

Caragh May O'Mahony

**Cúntóir Áirithinte**

Folúntas

Seamus O'Donnell

Declan O'Reilly

Brendan Torsney

Olivia Merriman

Nicola Murphy

**Freastalaí Seirbhíse**

Patrick Moore

Elecerio Abijay

**Glantóir**

Martina Connolly

Catherine Finnegan

Louise Hanlon

**Feighlí**

Michael Byrne

**Oifigeach na Seirbhísí do Chuairteoirí**

Robert Berrigan

Sean Brady

Peter Byrne

Conor Carlisle

Ramona Chereji

Ciaran Dowdall

Andrew Gallen

Enda Greenan

Chris Keenan

Majella Lynch (DFO)

Keith MacDonald

Conor Marschall

Emmet McNamara

Lisa Mc Auley

**CAOMHNÚ**

**Ceannasaí Caomhnaithe**

Dr Karena Morton

**Coimeádaí Cúnta I**

Dr Paul Mullarkey

**Coimeádaithe Cúnta Grád II**

Patrick Boyle

Helen Butler

Carol Smith

Nieves Fernandez

Hannah Power

Silvia Da Rocha

Ellen McKeever

Lorna Rowley

**Bainisteoir na mBailiúchán Ar Líne**

Deirdre Power

John Mulrooney

Thomas Murphy

Simon Ó Donnobháin (DFO)

Greg Stevenson

Dominic Swaine

Linda Switzer

Luke Sweeney

Joseph Brennan

Eric Breslin

Martin Byrne

Laura Casey

Leigh Coughlan

William Doyle

Patrick Fallon (DFO)

Paul Fennell

Martin Fitzmaurice

Padraig Fleming

Derek Flynn (DFO)

Eoin Foley

Henry Hackett

Dylan Hoctor

Mandy Johnston

Fergal Leahy

Daragh Magee

Mark McDonnell

Alan McKeever

Eamonn Reel

Alan Scully (DFO)

Lorraine Stewart

Alan Walsh

Liam Walsh

Lillian Walsh

Neil Walsh

Sean Young

Barbara Barclay

Mary Gaughan

Raymond Gearty (DFO)

Jack Kelly

Oliver Murphy

James Reynolds

Noreen Ward

Brion Gilmore